

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL // 2016 >>



Foras na Mara
Marine Institute

An Eolaíocht agus an Mhuir a Fhónamh

Chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

De réir cheanglais an Achta um Fhoras na Mara, 1991, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais Fhoras na Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 a chur i láthair.

An tUas. John Killeen, Cathaoirleach

Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta ag a bhfuil na feidhmeanna seo a leanas:

‘chun taighde agus forbairt mhuirí a ghabháil de láimh, a chomhordú, a chur chun cinn agus chun cur leo agus na seirbhísí sin a bhaineann le taighde agus forbairt mhuirí a chur ar fáil ar bhealach, i dtuairim Fhoras na Mara, a chuirfidh forbairt eacnamaíoch chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a thabharfaidh cosaint don timpeallacht mhuirí.’

An tAcht um Fhoras na Mara, 1991

Ár bhFís:

Geilleagar mara a mbeidh borradh faoi gan dochar don éiceachóras agus a mbeidh ár gcuid sársheirbhísí mar thaca aige..

Grianghraf ar dtús:

Johnathan White
Andrew Downes, Xposure
Graham Johnston
Tom Szumski

Príomhábhar grianghraf:

Johnathan White
Andrew Downes, Xposure
Jason Clarke Photography
Hans Gerritsen
Tom Szumski
Andrea Woods



Foras na Mara
Marine Institute

Clár na nÁbhar

Struchtúr Eagrúcháin Fhoras na Mara	2
Réamhrá	3
Comhaltai an Bhoird	4
Ráiteas an Chathaoirligh	7
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	8
Seirbhísí Corparáideacha	10
Oifig Forbartha Muiri na hÉireann (IMDO)	13
Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia	16
Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh	21
Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise	25
Nuálaíocht Beartais agus Tacaíocht Taighde	31
Riarachán Ginearálta	35

AGUISÍNÍ

Aguisín 1 - Cláir Taighde Mara 2014 - 2020 Duaiseanna Cláir Am Loinge 2016	38
Aguisín 2 - Cláir Taighde Mara 2014 - 2020 Tionscadail Taighde Chistithe 2016	40
Aguisín 3 - Rannpháirtíocht na hÉireann i nGairmeacha Fáis Ghoirm H2020 an AE	42
Aguisín 4 - Foilseacháin Fhoras na Mara	43
Aguisín 5 - Páipéir agus Foilseacháin Eolaíochta	44
Aguisín 6 - Sonraí Áirimh do Chóras Bhuirios Umhaill 2016	50
Aguisín 7 - Clár Árthaí Taighde 2016	51
Aguisín 8 - Taighde Eachtrach Eolaíochta Mara 56Gníomhaíochtaí in Uisce na hÉireann in 2016	56
Aguisín 9 - Plean Straitéiseach Fhoras na Mara – Achoimre Feidhmiúcháin	57
Aguisín 10 - Ráiteas na Gaillimhe ar Chomhar an Aigéin Atlantaigh: Seoladh Comhghuaillíocht Taighde idir an AE-Ceanada-SAM	60

GLUAIS GIORRÚCHÁN	62
--------------------------	-----------


RÁITIS AIRGEADAIS	65
--------------------------	-----------

Tá Tuarascáil Bhliantúil Fhoras na Mara ar fáil trí Ghaeilge agus is féidir í a íoslódáil ag www.marine.ie.



Foras na Mara
Marine Institute

Struchtúr Eagrúcháin Fhoras na Mara





Réamhrá

Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta um taighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht mara. Tá sé de chuspóir aige cumas geilleagrach acmhainní mara na hÉireann a mheas agus a bhaint amach; forbairt inbhuanaithe an tionscail mara a chur chun cinn trí chláir straitéiseacha chistithe agus trí sheirbhísí eolaíochta bunriachtanacha; agus acmhainní nádúrtha mara na hÉireann a chosaint trí thaighde agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol.

Tá acmhainn mhara thart ar 880,000 km² ag Éire faoin bhfarraige mhór, atá níos mó ná deich n-oiread a hachair thalún. Is ionann í agus ollacmhainn ghrinneal na farraige agus mara. Cuireann Foras na Mara forbairt inbhuanaithe na hacmhainne ollmhóire mara seo chun cinn trí thaighde, trí theicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm, agus trí chomhairle inchreidte eolaíocht-bhuanaithe a sholáthar don tionscal, don Rialtas agus don AE.

Cuireann an Foras seirbhísí riachtanacha taighde mara ar fáil, lena n-áirítear:

- Cláir chistithe náisiúnta taighde agus forbartha
- Measúnú na stoc éisc agus comhairle bainistíochta
- Seirbhísí sláinte éisc
- Monatóireacht ar shábháilteacht bia mara
- Monatóireacht comhshaoil
- Oibríochtaí ártach taighde
- Léarscáiliú ghrinneall na farraige
- Bainistíocht sonraí
- Seirbhísí forbartha muirí.

Cuimsíonn Foras na Mara sé réimse seirbhíse agus Oifig an POF. Áirítear ar na réimsí seirbhíse:

- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise
- Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia
- Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh
- Oifig Forbartha Muirí na hÉireann
- Beartas, Nuálaíocht agus Tacaíocht Taighde.

Neartaítear an eagraíocht le fócas láidir ar rialachas corparáideach, ionracas agus iompar eiticiúil, agus le béim ar bhainistíocht chiallmhar airgeadais, rud a chuir go mór le rath an Fhorais le linn na tréimhse dúshlánaí geilleagraí go dtí 2016. Aibhsíonn an tuarascáil seo na bunspriocanna inghnóthaithe agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo ár bhfíse i rith 2016.

Comhaltaí an Bhoird

An Dr John Killeen (2014-2019)



Innealtóir agus dúchasach de Chontae Ros Comáin é an Dr John Killeen, a ndearnadh Saorfhear Oinigh de Chathair na Gaillimhe de in 2012. I gcaitheamh a ghairme, d'oibrigh sé leis an Rialtas Áitiúil, le cuideachta ilnáisiúnta thógála (a thóg tollán na Canála Móire i mBaile Átha Cliath i 1973) agus chaith sé seacht mbliana leis an bhfochuideachta Shell International. Bhí an Dr Killeen ina Uachtarán ar Innealtóirí Éireann ó 1995 go 1996 agus ba é Uachtarán bunaidh an Acadaimh Innealtóireachta in Éirinn i 1996-1998. POF ar scor é de chuid Colas Group in Éirinn agus is stiúrthóir bainistíochta ar scor é de chuid Cold Chon Galway

Ltd. Ceapadh an Dr Killeen le Bord Ghrúpa Ospidéal an Iarthair/an Iarthuaiscirt in 2013 agus tá sé ag gníomhú faoi láthair mar Chathaoirleach Eatramhach. In 2009, ba é cathaoirleach imeacht Rás Aigéin Volvo i nGaillimh agus ba é uachtarán finale agus fhéile Rás Aigéin Volvo. Sháraigh an Rás Aigéin gach taifead freastail le haghaidh imeacht spóirt in Éirinn agus b'fhiú thart ar €80 milliún an t-imeacht i dtaobh ioncam turasoireachta agus gnó sa chathair. Tá an Dr Killeen ina Uachtarán ar Institiúid Cheannaireachta Timoney – carthanas a chuireann oiliúint idirnáisiúnta cheannaireachta chun cinn le haghaidh POFanna Éireannacha.

An tOllamh Patricia Barker (2013 - 2018)



Comhalta i an tOllamh Patricia Barker d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, tar éis gur bhain sí a cáilíocht amach i 1973. Chríochnaigh an tOll. Barker MPhil i Staidéar Inscní i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'fhorbair a PhD paraidím de nochtadh faisnéis airgeadais d'fhostaithe in eagraíochtaí. Rinne sí a hairteagail a sheirbheáil le Stokes Bros. & Pim i mBaile Átha Cliath agus d'oibrigh sí in Peat, Marwick Mitchell i Manchain Bhí an tOll. Barker ina comhpháirtí ansin i gcleachtas cuntasaoíochta i Manchain ar feadh sé bliana agus d'oibrigh sí in Ollscoil Mhanchain mar phríomhléachtóir.

Ceapadh an tOll. Barker ina léachtóir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) i 1980 agus bhain sí léachtóir sinsearach, Comh-Dhéin (Scoil an Ghnó) agus Leas-Uachtarán Ollscoil (Acadúil) amach. D'oibrigh sí mar ollamh cuairte in ollscoileanna i Nua-Eabhrac, Bostún, Angers, an Mhaláiv, Dárasalám, Sydney agus Cape Town agus bhí sí ina scrúdaitheoir seachtrach d'ollscoileanna agus do chomhlachtaí gairmiúla. Chaith sí seal mar Chathaoirleach ar Choiste Cuntasaoíochta Institiúid na gCuntasóirí Cairte ar feadh ocht mbliana agus ar Chomhairle Institiúid na gCuntasóirí Cairte ar feadh ceithre bliana sna 1990idí. Comhalta den Chomhairle atá inti faoi láthair. Rinne sí ionadaíocht ar Bhord na gCaighdeán Cuntasaoíochta i Londain ar feadh naoi mbliana agus bhí sí ina chathaoirleach ar an ngrúpa

saineolaithe a thugann tuairisc don Aontas Eorpach ar ról, struchtúr agus feidhmeanna Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chaith sí roinnt sealanna dualgais mar Mhaoirseoir Toghcháin don Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (ENASCE) sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Republica Serpska, an Afraic Theas, an Chosaiv, an Chasacstáin agus an Bhealarúis.

D'oibrigh an tOll. Barker mar Mhonatóir ar Chearta Daonna in Iosrael agus sa Phalaistín. Bhí sí ina comhalta de Bhoird um Chúnamh Ban, Comhlachas Tithíochta Sonas, an Cór Náisiúnta Aireagail agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (agus í ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta), agus bhí sí ina Cathaoirleach ar Sheirbhís Fuilaisríocháin na hÉireann ar feadh trí bliana.

Tá an tOll. Barker ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath Teo. agus ar Ospidéal Thamlachta faoi láthair agus is Cathaoirleach í ar Bhord Oideachais Chuntasóirí Cairte Éireann. Ina theannta sin, tá an tOll. Barker ina Cathaoirleach ar na Coistí Iniúchóireachta Inmheánaí d'Fhoras na Mara, Bus Bhaile Átha Cliath agus Rehab. Comhairleoir agus oiliúnóir deonach atá inti faoi láthair le haghaidh Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath. Scriobh sí leabhair maidir le Cuntasaoíocht Grúpa, Obair Sholúbtha sa Ghairm agus níos déanaí scriobh sí faoi mhná ar éirigh leo sa ghairm chuntasaoíochta, agus maidir le Rialachas Corparáideach agus Eitic Ghairmiúil.

An tUasal Dermot Clohessy (2015 - 2020)



Is innealtóir é an tUas. Dermot Clohessy (BSc Eng) agus tá cáilíochtaí iarchéime aige i Straitéis Gnó & Airgeadas araon. Tá tuiscint dhomhain aige ar infheistíocht dhíreach eachtrach ós rud é gur chaith sé 28 bliain le hÚdarás Forbartha Tionscail na hÉireann (ÚFT).

Ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Príomhoifigeach Oibriúcháin d'ÚFT é an tUas. Clohessy ó 2006 go 2015 agus bhí baint dhíreach aige le forbairt agus feidhmiú rathúil straitéisí corparáideacha an ÚFT i rith na tréimhse seo. Áiríodh i measc a phríomhdhualgais na margaidh dhomhanda ina mbionn Éire ag iomaíocht le haghaidh infheistíochta a leathnú, agus réimsí nua gnó a fhorbairt le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach go hÉirinn.

Ba bhall agus cathaoirleach fochoiste é an tUas. Clohessy den Tascfhórsa Forbartha a bunaíodh chun tacú le *Feidhm a bhaint as Saibhreas ar nAigéan - Plean Comhtháite Muiri d'Éirinn* a chur i bhfeidhm. Sula ndeachaigh sé leis an ÚFT i 1987, d'oibrigh an tUas. Clohessy le sainchomhairleoireacht deartha innealtóireachta agus mar stiúrthóir teicniúil de chuideachta déantúsaíochta atá bainteach le tógáil.

Is comhairleoir straitéiseach é anois le Forbairt Idirnáisiúnta na hÉireann (IDI) - Sainchomhairleoireacht um Fhorbairt Gheilleagraic Idirnáisiúnta atá bunaithe in Éirinn.



An tOllamh Alan Dobson (2015 - 2020)

Rinne an tOllamh Alan Dobson staidéar ar an mbithcheimic in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) agus i ndiaidh a PhD, d'oibrigh sé mar Ánra Taighde Iardhoctúireachta ag Coláiste Míochaine Baylor in Houston, Texas. Ina dhiaidh sin, bhog an tOllamh Dobson go dtí Scoil na Micribhitheolaíochta ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC), áit a bhfuil sé ina Chathaoirleach ar an Micribhitheolaíocht Comhshaoil faoi láthair.

Ó 2005 - 2014 bhí an tOllamh Dobson ina Stiúrthóir ar an Institiúid Taighde Comhshaoil ag COC. Diríonn a phríomhshuim taighde ar an staidéar ar mhíocroorgánaigh i gcomhshaoil mhara agus talún agus an cumas saothraithe biteicneolaíochta atá acu. Tá roinnt páipéir eolaíochta foilsithe ag a ghrúpa taighde sa réimse seo.

Ba scoláire Fulbright é an tOll. Dobson i 1992 agus bronnadh Bonn sa Mhicribhitheolaíocht ó Acadamh Ríoga na hÉireann air i 1999. Ina dhiaidh sin, bronnadh DSC sa Mhicribhitheolaíocht agus sa Bhitheolaíocht

Mhóilíneach air in 2005 ó Ollscoil na hÉireann agus toghadh é ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann in 2013.

Bhí an tOllamh Dobson ina bhall den Choiste Comhairleach um Beatha agus Eolaíocht Fhisiceach de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, ó 2003 - 2005. Ó 2009 - 2012, bhí sé ina bhall den phainéal saineolaithe a chomhairligh an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann a bhí ann ag an am, an tOllamh Patrick Cunningham. Bhí sé ina bhall freisin den mheitheal a d'ullmhaigh an páipéar seasaimh de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa agus an Bord Mara *Biteicneolaíocht Mara: Straitéis Eorpach* in 2010 agus ba bhall é den Mheitheal Athbhreithnithe Seachtrach, ag monatóireacht Chaighdeán na nAschur de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia (2012 - 2015). Faoi láthair, is ball é de Ghrúpa Idirnáisiúnta Comhairleach d'ERA-NET na Biteicneolaíochta Mara (ERA-MarineBiotech) agus Comhalta Boird den Chomhlachas Idirnáisiúnta um Biteicneolaíocht Mara.



An Dr Berna Grist (2016 – Bealtaine 2017)

Is abhcóide agus pleanálaí deimhnithe baile i an Dr Berna Grist BL, agus is ollamh taca i sa Scoil Ailtireachta, Pleanála agus Beartais Comhshaoil ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá PhD aici ó Ollscoil Ulaidh ar *The Legislative and Regulatory Framework for Development in the Republic of Ireland* agus tá foilsithe go forleathan aici i réimsí an dlí pleanála agus comhshaoil, beartais phoiblí agus rialachas. In éineacht le James Macken SC, nach maireann, bhí sí ina comheagarthóir ar *Irish Planning Law Factbook* (2003), a ndéanann sí athnuachan air go bliantúil, agus in 2012 d'fhoilsigh sí an dara heagrán de *An Introduction to Irish Planning Law*.

Ceapadh an Dr Grist mar Leaschathaoirleach an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe nuair a bunaíodh é i 1998. Le linn na tréimhse 2001-2006, d'fhóin sí mar bhall ar an mBord Pleanála agus in 2013, ceapadh i ar an nGrúpa Saineolaithe a chomhairligh an tAire Stáit do Thithíocht agus Pleanáil maidir le comharba don Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020. Chuir sí le roinnt tionscadal taighde comhshaoil a bhí urraithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus is ball í de Chumann Dlí Comhshaoil na hÉireann.



An tUasal Donal Kelly (2013-2018)

Tá an tUas. Donal Kelly ina Stiúrthóir Bainistíochta le Fast Fish Ltd, gnó rathúil a dhiolann agus a sholáthraíonn iasc agus ola agus atá lonnaithe i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí. Bhí an tUas. Kelly ar Choiste Bainistíochta Celtic Sea Herring ar feadh deich mbliana agus ar Choiste West Pelagic ar feadh 3 bliana.

D'fhóin an tUas. Kelly ar roinnt bord, san earnáil phríobháideach agus dheonach araon, lena n-áirítear: Fóram Pobail agus Deonach Contae Chorcaí; Bord Forbartha Contae Chorcaí; agus gníomhaigh sé mar chathaoirleach de Choiste Bainistíochta CLG Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Ball é freisin de Chumann Gailf Chuan Bhaile an Chaisleáin agus de Chumann Forbartha Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra.



Professor J Owen Lewis (2015 - 2020)

Ollamh Emeritus den Eolaíocht Ailtireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) is é an tOllamh J Owen Lewis. Tá sé ina leasuachtarán agus cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (a bunaíodh i 1731) agus ina chathaoirleach ar Chomhairle Tógála Glais na hÉireann (a bunaíodh in 2011). Is ball é de Bhord Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus de Bhord Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann.

Bhí an tOll. Lewis ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) (2009 - 2012), agus ba chathaoirleach é ar an gCoiste

Stiúrtha idir-rannach agus idirghníomhaireachta ar Fhuinnimh Aigéin. Le cáilíochtaí mar ailtire, innealtóir agus teicneolaí fuinnimh, tá cleachtadh gairmiúil aige in Éirinn, i Sasana agus sa tSaimbia. Bhí an tOll. Lewis ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Nuálaíocht agus ar Thaighde agus Forbairt ag Bord na Móna ó 2006 go 2008. Bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta ag COBÁC agus ina dhiaidh sin, ina Phríomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Innealtóireachta, Matamaitice agus Fisiceacha COBÁC ó 2001 - 2006. Chomhbhunaigh sé Cumann Grianghuinnimh na hÉireann i 1976.



An tUasal David Owens (2012-2017)

Is é an tUas. David Owens (A.C.A) an Leas-Uachtarán Sinsearach faoi láthair ar Airgeadas agus Oibríochtaí do SolarWinds. Sula ndeachaigh sé le SolarWinds, d'oibrigh an tUasal Owens le Red Hat, Inc., cuideachta bhogearraí fiontair, ar feadh breis agus seacht mbliana, áit ar fhóin sé i dtosach báire mar Stiúrthóir Lóistíochta agus Táirgthe Dhomhanda agus ansin mar Stiúrthóir

Sinsearach Airgeadais ar Finance Europe, Middle East and Africa EMEA.

Tá an tUas. Owens cáilithe mar chuntasóir cairte le Ernst & Young agus is ball é d'Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann.



An tUasal Lorcán Ó Cinnéide (2015 - 2020)

Is é an tUas. Lorcán Ó Cinnéide Rúnai Náisiúnta Chumann Phróiseálaithe agus Onnmhaiseoirí Éisc na hÉireann agus comhalta Boird de Chomhlachas Próiseálaithe Éisc na hEorpa faoi láthair. Is iarbhall é den Bhord Achomharc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus iar-POF d'Eagras Táirgeoirí Éisc na hÉireann, agus ghlac sé páirt in go leor fóram agus struchtúir bhainistíochta a bhaineann leis an tionscal iascaireachta in Éirinn agus ar leibhéal an AE le scór bliain anuas. Is ball é de Choiste Comhairliúcháin an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM). Anuas air sin, bhí baint aige i measúnú a dhéanamh ar na cláir éagsúla eolaíochta muirí thar

ceann Choimisiún an AE.

Iar-úinéir ártach iascaireachta é agus tá céim bainte amach aige san Eacnamaíocht agus sa Pholaitíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá réimse leathan suimeanna aige i bhforbairt áitiúil agus caomhnaithe lena n-áirítear léiriú teilifíse agus a ról mar Rúnai ar Fhondúireacht na mBlascaodaí. Tá cónaí air ar leithinis an Daingin, Contae Chiarraí.

Seo dara téarma an Uas. Ó Cinnéide mar chomhalta Boird d'Fhoras na Mara agus is iar-Chathaoirleach é ar Choiste Iniúchóireachta an Fhorais é.

Ráiteas an Chathaoirligh



Lean Bord Fhoras na Mara leis an bhfócas láidir ar rialachas corparáideach i rith 2016, ag diriú ar phleanáil straitéiseach agus bainistíocht riosca le rannpháirtíocht éifeachtach leis an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin. Bhunaigh an Bord foghrúpa nua pleanála straitéisí chun athbheithniú a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach Fhoras na Mara agus forbairt de straitéis nua 2018-2022 a threorú. Bhunaigh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) an Bhoird próiseas nua don phleanáil leanúnachais gnó i rith 2016 freisin.

Lean Foras na Mara orthu ag fabhrú agus ag forbairt i rith 2016. Táimid an-bhródúil as an ról a n-imríonn sé i réimsí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag tiomáint na forbartha inbhuanaithe dár ngeilleagar mara agus ag cur lenár dtuiscint den aigéan.

D'ullmhaigh an eagraíocht dréachtphlean a leagann amach straitéis taighde agus nuálaíochta mara na hÉireann don tréimhse 2017-2021. Tugann sé radharc comhaontaithe de riachtanais chistithe a bhaineann leis an muir thar réimsí áirithe ar nós iompair, bia, fuinnimh agus bitheagsúlachta. Tá sé mar aidhm aige treoir a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí rialtais agus cistithe maidir le bearnaí sa taighde mara chun riachtanais na sochaí mar a leagtar amach iad sna straitéisí náisiúnta cosúil le Nuálaíocht 2020 a chomhlánú. Cuireadh dréachtleagan den phlean ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna ionas go bhféadfaí a mhéid daoine agus is féidir a n-aiseolas a chur leis, agus foilseofar an leagan deiridh in 2017.

Reáchtáladh SeaFest, féile náisiúnta mara na hÉireann, den chéad uair i nGaillimh (a reáchtáladh i gCorcaigh in 2015) agus bhí rath mór leis. D'fhreastail breis is 60,000 cuairteoir ar an bhféile thar trí lá ag deireadh mhí an Mheithimh/tús mhí Iúil agus bhí clúdach na meán agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta thar barr aige. Imeacht rithábhachtach for-rochtana é SeaFest a fhioraíonn an sprioc *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan* chun an pobal a spreagadh dul i ngleic leis an bhfarraige. Tháinig ceannairí domhanda sa réimse muiri le chéile ag OÉ Gaillimh le haghaidh Chomhdháil Shaibhreas na Mara i

rith SeaFest. Thosaigh an phleanáil le haghaidh SeaFest 2017 sa dara leath den bhliain 2016.

Seoladh Faireachlann Fhómhuirí SmartBay go hoifigiúil ag SeaFest. An chéad faireachlann aigéan dá leithéid in Éirinn, bailítear sonraí luachmhara inti agus beidh sí ina cuid rithábhachtach de bhonneagar muiri den scoth in Éirinn. Is féidir le forbróirí d'fhuinneamh aigéin monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn a ngairis san aigéan agus freisin, is féidir athruithe sa chomhshaol mara a mhonatóiriú sa réad-am. Is comhoibriú é an tionscadal idir an Foras, ÚFIÉ, SmartBay Ireland, MaREI, COC agus DCU.

In 2016, sheol Foras na Mara Cairt Acmhainní Daonna 2016-2019 ina leagtar amach spriocanna uailmhianacha a thacóidh le agus a éascóidh cultúr ardfeidhmíochta. Diríonn sé freisin ar rannpháirtíocht, folláine, forbairt gairme agus aitheantas fostaithe. Lean an Clár Foghlamtha agus Forbartha ar aghaidh ag cinntiú seachadadh an chláir agus tacaíocht na dtionscnamh Áit Iontach le hObair.

Léiríonn na héachtaí seo idir thiomantas agus chumas na ndaoine a chomhdhéanann Foras na Mara agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun aitheantas a thabhairt don Dr Peter Heffernan agus d'fhoireann Fhoras na Mara i ngeall ar an méid a bhain siad amach i mbliana agus a ndúthracht i leith sármhaitheas a sholáthar sna seirbhísí a sholáthraíonn siad.

An Dr John Killeen

Cathaoirleach, Foras na Mara

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Ba bhliain fáis agus nuálaíochta eile é 2016 d'Fhoras na Mara. Sheachaid sé eochairthionscadail a bhain le bonneagar náisiúnta taighde mara agus lean sé leis ag méadú a ghaiscí idirnáisiúnta comhoibríochta i dtaighde mara.

Ba bhliain an-ghnóthach í do chlár taighde an Fhorais. Chríochnaigh an RV *Celtic Explorer* agus an RV *Celtic Voyager 637* lá eolaíochta agus 63 suirbhé le chéile, roinnt suirbhéanna idirnáisiúnta comhordaithe san áireamh. Chríochnaigh an RV *Celtic Voyager 69* lá de shuirbhé INFOMAR (Léarscáiliú Comhtháite d'Fhorbairt Inbhuanaithe Acmhainn Mhara na hÉireann) agus rinneadh suirbhé ar 3,140 km² san iomlán de ghrinneall na farraige amach ó chóstaí an deiscirt agus an iarthair. Rinneadh dul chun cinn tábhachtach i ngníomhaíocht aigéaneolaíochta in 2016, go háirithe i limistéar na samhlacha oibríochtúla, in athrú aeráide mara agus i dtionscadail fhéideartha nua a bhí á gcistiú ag an AE a fhorbairt. Ghlac mic léinn fochéime agus iarchéime ó réimse leathan d'institiúidí tríú leibhéal páirt in oiliúint ar bord an RV *Celtic Voyager* agus ba nithe is diol spéise do chuirteoirí ag SeaFest iad ar ndá ártach taighde. Agus an RV *Celtic Voyager* ag druidim lena comóradh fiche bliana in 2018, ciallaíonn ceisteanna saolré mar aon le pleanáil chun cinn go bhfuil an Foras ag ullmhú le haghaidh ártach nua a chur ina háit. Tá cás mionsonraithe gnó seolta ar aghaidh chuig an Rialtas chun breithniú a dhéanamh air.

Bhí bliain tháirgiúil ag an gComhghuaillíocht um Thaighde an Aigéin Atlantaigh, Comhordanú agus Gníomhaíocht Tacaíochta (AORA-CSA) a threoraíonn Foras na Mara. Tiomnaíodh trí thraschrios suirbhé Chomhghuaillíochta um Thaighde an Aigéin Atlantaigh (AORA) eile lena n-áirítear an RV *Celtic Explorer* ag déanamh trascreasa ó Thalamh an Éisc, Ceanada go Gaillimh, Éire i mí Bealtaine agus traschrios a rinne ártach Gharda Cósta Ceanadach ó Albain Nua, Ceanada go Tromsø, an Iorua, i mí Iúil agus mí Lúnasa.

Bhí baint ag an bhForas le dhá thionscadal a bhuaigh duais i rith 2016. I Meán Fómhair, fuair AORA-CSA an chéad Duais Tionscadail Atlantaigh as Comhar Idirnáisiúnta. Aithníodh

an tionscadal mar scéal mór ratha i réimse an Atlantaigh, a d'aibhsigh dea-chleachtas idirnáisiúnta agus a chuir eochairthosaíochtaí Straitéis an Atlantaigh agus Phlean Gníomhaíochta an Atlantaigh an Aontais Eorpaigh chun cinn.

I mí na Samhna, bronnadh an Duais Páirtnéara Muiri Idirnáisiúnta ar Fhoras na Mara agus ar BAMFÉ (Braisle Acmhainní Muiri agus Fuinnimh na hÉireann) ag Cruinniú Mullaigh Blue Tech agus Blue Economy in San Diego. Léiríonn an duais an t-armheas atá ann ar an obair atá an Foras ag déanamh lenár gcomhghleacaithe ag BAMFÉ chun nuálaithe mara a thabhairt le chéile agus chun timpeallacht a chuireann comhoibriú chun cinn le réitigh BlueTech a fhorbairt don mhargadh domhanda.

Leanamar lenár bhfócas láidir ar sheachadadh d'eochairsheirbhísí eolaíochta, sábháilteacht bia mara agus cosaint an chomhshaoil mhara san áireamh. Chuireamar comhairle eolaíochta agus theicniúil ar réimse gníomhaireachtaí, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Go hidirnáisiúnta, leanann ár n-eolaithe ar aghaidh ag glacadh páirte i bhfóraim eolaíochta agus theicniúla ar nós na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na Mara (ICES) agus Coinbhinsiún Osló agus Pháras 1992 (OSPAR).

Chuireamar an Stocleabhar bliantúil i dtoll a chéile ina gcuimsítear an chomhairle eolaíochta is déanaí ar na stoic siúd a ndéanann cabhlach na hÉireann iascaireacht orthu. Soláthraíodh seo don Aire i nDeireadh Fómhair agus ba phríomhghné é de mheasúnú oiriúnachta an Aire a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais i mí na Samhna. B'fhoinsé luachmhar é freisin le linn idirbheartaíochtaí an AE a shocraigh deiseanna iascaireachta na hÉireann don bhliain 2017.

Lean Foras na Mara ar aghaidh ag déanamh taighde den scoth thar roinnt clár cistithe taighde iomaíochta go hidirnáisiúnta in 2016 agus bhain siad amach thart ar €3.5M thar 8 dtionscadal.



Bronnann an Dr Peter Heffernan, POF Fhoras na Mara an *Stocleabhar*, ina bhfuil an chomhairle eolaíochta is déanaí ar stoic éisc na hÉireann, ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Michael Creed, TD. Grianghrafadóir: Jason Clarke Photography

Ba ghné gan choinne é cinneadh an RA an AE a fhágáil do chlár oibre na Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh (SCÉS) in 2016. D'oibrigh SCÉS go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun faisnéis mhionsonraithe spásúil a chur ar fáil ar ghníomhaíochtaí na gcabhlach Éireannach agus idirnáisiúnta a fheidhmíonn in uisce an AE agus an RA. Chuir seo faisnéis bhonnline ar fáil chun tionchair an Bhreitheamh ar thionscal bia mara na hÉireann a mheas.

Scrúdaigh Oifig Forbartha Muiri na hÉireann an Breatimeacht freisin maidir leis na deiseanna forbartha gnó agus infheistíochta isteach a chuireann sé ar fáil d'earnáil muiri na hÉireann. Ina theannta sin, chruthaigh an plean comhtháite *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ar nAigéan* foinsé de thionscadail forbartha gnó, ó thionscadail forbartha cuain go deiseanna i dturasóireacht cúrsála agus i bhfuinneamh in-athnuaite mara. Rinneadh dul chun cinn orthu seo in 2016.

Rinne an Foras próiseas comhairliúcháin poiblí ar a n-iarratas nua le haghaidh léas urthrú nua do Láthair Tástála Mara agus Fuinnimh In-Athnuaite Chuan na Gaillimhe. Ligeann an láthair do nuálaithe teicneolaíochta inmharthanacht d'fhréamhshamlacha mionscála a thástáil i dtimpeallacht aigéin agus tá sí ag feidhmiú ó 2006 i leith.

Leanamar lenár gclár for-rochtana agus oideachais i rith 2016, lena n-áirítear ár lá oscailte i mí na Samhna nuair a thug 250 duine cuairt ar ár gceanncheathrú in Órán Mór mar chuid d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta

na Gaillimhe. Leathnaigh Clár Oideachais na dTaiscéalaithe go haon chontae dhéag. Ghlac breis is 6,000 dalta bunscoile páirt ann agus chuir sé tábhacht ar n-aigéan chun cinn trí sheomra ranga idirghníomhach agus trí thionscadail obair allamuigh. Reáchtáil an clár modúl piolótach d'oiliúint múinteoirí freisin i gcomhar le Campas Naomh Pádraig DCU.

Ghlac Foras na Mara páirt i roinnt imeachtaí a raibh sé mar aidhm acu feacht a chur chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, lena n-áirítear TeenTech ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) i mí Aibreáin, mórhaispeántas eolaíochta ag SeaFest i mí Iúil, Taispeántas Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, agus Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhaigh Eo i mí na Samhna.

M'fhíorbhuíochas d'fhoireann Fhoras na Mara go léir as a dtiomantas agus as an ardchaighdeán seasmhach de sheachadadh seirbhíse a chuir siad ar fáil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an mBord as a maoirseacht agus as a ndúthracht agus na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach á gcaomhnú acu.

An Dr Peter Heffernan

Príomhfheidhmeannach, Foras na Mara

Seirbhísí Corparáideacha

Ráiteas an Stiúrthóra »



De bharr an feabhas leanúnach ar an timpeallacht eacnamaíochta agus an rath a bhí ar Fhoras na Mara maidir le tionscadail taighde iomaíoch a urrú, bhí earcaíocht leanúnach agus tréimhse fás suntasach ann. I rith na bliana, cuireadh béim ar sheirbhís éifeachtach chostéifeachtach a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Baineadh é seo amach trí luach ar airgead a uasmhádú trí sheirbhís fhreagrúil, atá faoi thionchar custaiméirí a chur ar fáil agus béim a leagann ar dhea-chleachtas maidir le rialachas corparáideach.

I measc bhuaicphointí 2016, bhí an méid seo a leanas:

- Creidiúnú Scotsheirbhíse ó Scothfhostaithe (ETP) faoi Chaighdeán an NSAI - ETP 1000:2012 a choimeád. Is é an ETP an t-aon scéim náisiúnta bainistíochta acmhainní daonna in Éirinn atá dírithe ar ról dhaoine agus an tionchar a bhíonn acu ar ghnó. Bronnadh an t-ard ghradam seo go leanúnach ar Fhoras na Mara ó 2005 ar aghaidh. Léiríonn sé infheistíocht an Fhorais inár bhfoireann a chomhlíonann ról lárnach chun éifeachtacht ár ngó a uasmhádú agus cumas eagraíochta a mhéadú
- In 2016-2019, sheol Foras na Mara Cairt Acmhainní Daonna 2016-2019 ina leagtar amach spriocanna uailmhianacha a thacóidh le agus a chuirfidh le cultúr ard fheidhmíochta.
- Chomhlíon an Institiúid coinníollacha uile an *Chóid Chleachtais um Rialúcháin Comhlachtaí Stáit*, lena n-áirítear trí iniúchadh inmheánacha, thuairisc gach ceann acu ar dleibhéal dearbhaithe don Bhord.
- Is cuid lárnach de rialachas corparáideach an Fhorais é bainistiú riosca agus cuirtear tuarascáil ráithiúil ar fáil don Choiste Iniúcháireachta Inmheánaí agus tá sé mar chuid de phleanáil agus cinnteoireacht ar fud na heagraíochta. Trí na rioscaí a thuiscint atá romhainn agus iad a bhainistiú i gceart, cuirtear

feabhas ar chumas na hInstitiúide chun cinntí níos fearr a dhéanamh, tabhairt faoi chuspóirí agus feidhmíocht a fheabhsú.

- Bunaíodh foireann fuinnimh ar fud na heagraíochta a tháirgtear straitéis laghdaithe fuinnimh agus polasaí. Baineadh amach laighdaithe fuinnimh de 11 faoin gcéad agus leanann sé seo mar phríocht i 2017.
- Óstáil de SeaFest 2016 - féile mara náisiúnta na hÉireann - i nGaillimh ó 29ú Meitheamh-3ú Iúil. Tharraing an fhéile ag an deireadh seachtaine níos mó ná 60,000 cuairteoir agus is ócáid thábhachtach í do fhor-rochtain maidir leis an sprioc atá i gceist le *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan* go dtabharfaidh an pobal aird ar an bhfarraige,
- Ní raibh aon timpistí suntasacha le sonrú agus ní raibh ach ceithre mion thimpiste mar gheall ar dhíriú seasta ar chleachtais sláinte agus sábháilteachta. Tugtar tús áite do chur chun cinn na sláinte agus na sábháilteachta agus d'fholláine fostaithe chun ionad oibre atá sábháilte agus sláintiúil a choimeád

CAROLINE BOCQUEL

Stiúrthóir: Seirbhísí Corparáideacha

Acmhainní Daonna

In 2016, seoladh *Cairt Acmhainní Daonna Fhoras na Mara 2016 - 2019* ina leagtar amach cuspóirí agus spriocanna Phlean Straitéiseach Fhoras na Mara. Bhí an Fhoireann Acmhainní Daonna tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chultúr d'ardfheidhmíocht agus dhirigh siad freisin ar rannpháirtíocht, folláine agus aitheantais fostaithe. Sheachaid an clár Acmhainní Daonna seirbhísí agus tacaíochtaí lena n-áirítear earcaíocht agus coinneáil; tacaíocht a thabhairt don fhoireann le go mbainfidís a gcumas amach trí fhoghlaim agus forbairt leanúnach; feidhmíocht a bhainistiú; caidrimh dhearfacha oibre a chur chun cinn; rannpháirtíocht agus folláine; bainistíocht riosca agus pleanáil leanúnachais gnó. Rinneadh infheistíocht shuntasach agus díriodh ar rannpháirtíocht fostaithe agus obair lenár ngrúpa Áit Lontach le hObair chun tacú le moltaí na foirne maidir le cláir agus beartais a chur i bhfeidhm.

Líonadh daichead a hocht deis faoin gclár earcaíochta agus roghnaithe. Áirítear poist lárnacha agus folúntais iarmhartacha ina measc, mar aon le 24 post sealadach AE agus cistithe go seachtrach agus roinnt céimithe inár gclár taithí oibre thar dhisciplinigh eolaíochta, teicniúla agus riaracháin.

Reachtálar ar ndara clár Sheachtain na hIdirbhliana go rathúil a chuireann taithí oibre agus oiliúint ar fáil d'fhiche scoláire ó scoileanna sa phobal áitiúil agus ar fud na hÉireann.

Lean ár gClár Foghlamtha agus Forbartha ar aghaidh ag cinntiú seachadadh agus tacaíocht cláir na dTionscnamh Áit Lontach le hObair. Díriodh ar bhainistíocht agus ar fhorbairt phearsanta; ar chabhair a thabhairt do dhaoine na scileanna teicniúla a fhorbairt chun ról nua a ghlacadh, ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus ar fhorbairt gairme (fostaithe a spreagadh chun súil a choimeád ar an todhchaí). Thacaigh infheistíocht de €400,000 le hoiliúint éigeantach, scileanna riachtanacha a bhaineann leis an obair, cláir chóitseála, an uasoiliúint, an athoiliúint agus forbairt phearsanta, cláir thríú leibhéal agus ár gclár do chéimithe. Cuireadh athbheochan lenár gClár Forbartha Bainistíochta le clár deimhnithe do bhainisteoirí nua agus le modúl breise ar fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach.

I mí na Samhna, choinníomar ár dTeastas *Scotshseirbhís ó Scothfhostaithe* faoin *NSAI Caighdeán ETP 1000:2012*.

Thionóil an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta sé chruinniú le hionadaithe ó gach láthair a sholáthair Clár Creidiúnaithe ETP. Comhlánaíodh breis is 18 measúnú riosca. Astu siúd, rinneadh ceithre mhionthimpiste nó imeachta a thaifeadh agus a mheasúnú. Tharla ár bpromóisin bhliantúla Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine Fostaithe i rith na bliana agus díriodh ar fholláine coirp agus intinne i mí na Samhna agus mí na Nollag. Ina measc, bhí ceardlanna ar aireachas, athléimneacht agus cothromaíocht oibre is saoil, comhairleoireacht, agus ar shláinte intinne agus garchabhair a láimhseáil agus a bhainistiú.

Rinneadh iniúchadh neamhspleách ar bhainistíocht riosca gnó. Ar bhonn ráithiúil, cuireadh an clár riosca agus an tuarascáil ráithiúil bainistíochta riosca faoi bhráid an choiste inmheánaigh iniúchóireachta agus an Bhoird, agus rinneadh beartas agus sceideal leanúnachais gnó a athbhreithniú, a athmheas agus a chríochnú.

Airgeadas

Leanann Foras na Mara orthu a bheith in oiriúint agus i gcomhréireacht le *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2009* agus tá dul chun cinn suntasach déanta aige maidir leis an riachtanas faoin gCód Cleachtais nua a bheidh i bhfeidhm ó mí Eanáir 2017 a chomhlánú. Tá réimse de nósanna imeachta, beartais agus de threoirilint i bhfeidhm ag Foras na Mara le comhlíonadh an chóid a chinntiú. Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí de dhéantús ceart ag Foras na Mara i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa chóid cleachtais agus tá cairt fhoirmiúil aige atá faofa ag an mbord.

Faoi mhaoriseacht an ARC inmheánach, coinnítear agus feidhmítear córas éifeachtach de rialúcháin inmheánacha airgeadais i bhForas na Mara. Dhearbhagh na trí iniúchadh inmheánacha faoinar tugadh i rith na bliana ardchaighdeán rialachais an Fhorais agus chinntigh siad go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú. Rinneadh iniúchadh ar: rialúcháin inmheánacha airgeadais ar nósanna imeachta bainc agus airgid thirim; taisteal agus cothabháil; agus athbhreithniú ar chlár rioscaí.

Gníomhaíodh i leith na moltaí iniúchóireachta inmheánaí go léir agus tuairiscíodh iad don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus le bord Fhoras na Mara. Chas an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí ar a chéile cúig huairé agus chas siad leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chomh maith, chun plé a dhéanamh ar an deimhniúchán iniúchóireachta a fuarthas don bhliain 2016. Léirítear sa Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2016-2017 na rioscaí a sainaitníodh i gclár rioscaí Fhoras na Mara, riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

Tá próiseas cuí soláthair phoiblí ag Foras na Mara atá in oiriúint le tairisí reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Cruthaíodh gur bealach éifeachtach agus éifeachtúil chun costais a laghdú agus chun coigilteas a ghiniúint é ceannach láraithe agus an Oifig um Sholáthar Rialtais a úsáid agus leanfar de seo isteach in 2017. In 2016, eisíodh 57 tairiscint, ar foilsíodh ocht gcinn díobh in Irisleabhar Oifigiúil na gComhphobal Eorpach *Official Journal of the European Communities*.

Tá sé mar bheartas ag Foras na Mara a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras de réir théarmaí an *Prompt Payment of Accounts Act, 1997* agus Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (*Late Payment in Commercial Transactions*) 2012. Tá córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm a chumasaíonn rianú a dhéanamh ar shonraisc agus lena chinntiú go ndéantar iocaíochtaí ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil. Íocadh 84% de na sonraisc ar a raibh luach iomlán €25.7m laistigh de chúig lá dhéag le soláthraithe de bhun Chinneadh Rialtais Uimh. S29296 de 19 Bealtaine 2009. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go n-íoctar ús déanach más gá.

Saoráidí

Cuireann an fhoireann saoráidí tacaíocht, cúnamh agus comhairle ar fáil do gach réimse seirbhíse san Fhoras. Is é an chroifheidhm atá aige ná feidhmiú maith na saoráidí a chinntiú agus lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhealach éifeachtúil. Tá na foirgnimh agus a burláin lárnach ó thaobh an Fhoras a chur chun cinn mar eagraíocht den scoth, agus cinntiú an fhoireann go bhfeidhmíonn seirbhís ginearálta ag an leibhéal céanna feabhais.

Tá baint ag baill na foirne saoráidí i gcoistí cosúil le lónadóireacht,

bainistíocht saotharlainne, sláinte agus sábháilteacht agus fuinneamh. Is eochairchomhbhaill iad soláthair agus tairiscintí de réimsí saineolais na foirne, agus oibríonn an fhoireann go dlúth leis an Oifig um Soláthair Rialtais le haghaidh tairiscintí agus ceannacháin láraithe.

Tá comhaontaithe conarthacha le haghaidh feidhmeanna oibriúcháin cosúil le cothabháil, lónadóireacht, slándáil, cothabháil tailte agus glantóireacht faoi athbhreithniú agus déantar monatóireacht rialta orthu maidir le feidhmíocht agus éifeachtúlacht agus rinneadh roinnt acu seo a thairg in athuair in 2017.

Tugadh an tasc don fhoireann Seirbhísí Corparáideacha foireann fuinnimh ón bhForas go léir a bhunú agus straitéis agus beartas fuinnimh a chur le chéile. Ó 2009, tá monatóireacht agus rianú á dhéanamh ar gach údarás poiblí ionas go mbeidh laghdú fuinnimh 33% acu faoi 2020, ar aon dul leis an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP 3). Glacadh le Foras na Mara ar an gClár Feasachta Fuinnimh a reáchtáil an ÚFIÉ agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP): An Chumhacht á Barrfheabhsú ag an Obar.

Cuireadh spriocanna laghduithe fuinnimh agus plean oibriochtúil le chéile ag an bhfoireann ildisciplíneach fuinnimh a chuimsíonn gach leibhéal foirne ó na saotharlanna agus na hoifigí. Tagann an 14 sprioc fuinnimh ar a ndírítear i mbeartas 2016-2020 ó na réimsí gnó seo a leanas:

- Faireachán saotharlainne agus meastóireacht / oibriochtait
- Trealamh Oifige/TF
- Iompar
- Oideachas/feasacht
- Bonneagar foirgnimh.

Tá athrú iompair rithábhachtach maidir le rath de chláir dá leithéid, mar aon le mionathruithe d'fhearas agus trealamh atá ann cheana féin. Cruthóidh siad coigilteas suntasach faoi 2020. Ghlac an fhoireann iniúchadh iomlán fuinnimh mar chúram; dhá iniúchadh lasmuigh de ghnáthuaireanta sna trí phríomhláthair; iniúchadh téimh dár gceanncheathrú in Órán Mór mar aon le athbhreithnithe fuinnimh saotharlainne agus Lá Feasachta Fuinnimh a raibh rath mór air.

Seirbhísí Leabharlainne

Leanann Leabharlann Oceanus le samhail inbhuanaithe rochtana a sholáthar d'fhoireann Fhoras na Mara ar fhoilseacháin taighde, a dhéanann gach suibscribhinn riachtanach irisleabhair a athnuachan agus a sholáthraíonn seirbhís idirleabharlainne iasachta. D'éirigh go maith leis an Stór Rochtana Oscailte (<http://oar.marine.ie/>) in 2016, a sholáthair rochtain saor in aisce ar líne ar théacs iomlán fhoilseacháin Fhoras na Mara agus na foirne. Faoi dheireadh na bliana, sholáthair an Stór rochtain do bhreis is aon mhíle foilseachán agus tugadh 12,414 cuairt air ó áiteanna ar fud na cruinne.

I rith 2016, d'fhostaigh an leabharlann mac léinn trí Chlár Sparántachta an Fhorais chun bailiúchán an Cheannasaí William King, a deonadh ar an leabharlann ag iníon an Cheannasaí, Leonie Finn, a chur i gcartlann. Chomhoibrigh an leabharlann leis an bhfoireann forbartha iarratais chun suíomh gréasáin léirithe a chruthú chun an bailiúchán a thaispeáint. Seolfar an suíomh gréasáin in 2017.

Cumarsáid

Cuimsíonn an fhoireann Chumarsáide gníomhaíochtaí, ina measc caidreamh leis na meáin, cumarsáid ar líne, imeachtaí, oideachas agus

for-rochtain agus seirbhísí leabharlainne.

D'óstáil agus thacaigh Foras na Mara le roinnt imeachtaí i rith na bliana, SeaFest 2016 - féile náisiúnta mhuiri na hÉireann, Gaillimh 29 Meitheamh go 3 Iúil ina measc. Mheall SeaFest, tionscnamh den Ghrúpa Comhordaithe Mara idir-rannach, breis is 60,000 cuairteoir thar an deireadh seachtaine, agus chuimsigh sé imeachtaí cosúil leis an gComhdháil bhliantúil de chuid *Saibhreas Ár nAigéan* (OÉ Gaillimh, 1 Iúil).

Thug 250 cuairteoir cuairt ar ár gceanncheathrú in Órán Mór ag Laethanta Oscailte i rith na bliana. Thug 150 dalta bunscoile cuairt ar ár n-áis taighde i mBaile Uí Fhiacháin i rith na bliana freisin.

Ghlac Foras na Mara páirt in imeachtaí a raibh sé mar aidhm acu feasacht a chur chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus iad a nuashonrú, lena n-áirítear TeenTech ag OÉ Gaillimh i mí Aibreáin; Taispeántas Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, agus Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhaigh Eo i mí na Samhna.

Leanann ár suíomh gréasáin www.marine.ie ar aghaidh mar chláir oibre lárnach. D'fhoilsíomar 93 scéal nuachta ann i rith 2016 agus mheall sé 196,540 cuairt agus breis is 460,000 amharc leathanaigh ar líne. Leanamar le rannpháirtíocht leis na meáin shóisialta a fhorbairt ar ardáin ar nós Facebook, LinkedIn agus Twitter agus ar ár mblag scientists@sea, <http://scientistsatsea.blogspot.ie/> áit a roinneann eolaithe atá ar bord an RV *Celtic Explorer* agus an RV *Celtic Voyager* a n-eispéiris i leith an taighde eolaíochta ar muir a dhéanamh.

Ghlac breis is 6,000 dalta bunscoile páirt i gClár Oideachais na dTaiscéalaithe de chuid Fhoras na Mara i nDún na nGall, Sligeach, Gaillimh, Maigh Eo, an Clár, Corcaigh, Luimneach, Ciarraí, Port Láirge, Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin in 2016. Cuireann an clár seo tábhacht ar n-aigéan chun cinn do dhaltai bunscoile trí uisceadán saile i seomraí ranga, safari cladaigh, tionscadail mara, ceardlanna mara agus trí thionscadail speisialta eolaíochta agus ealaine. Tá siad seo curtha ar fáil le tacaíocht ó ocht bpáirtí oideachais ar fud na tíre. Reáchtáil an Explorers Education Programme modúl piolótach d'oiliúint múinteoirí freisin i gcomhar le Campas Naomh Pádraig DCU.

Inrochtaineacht

Chomhlíon an Foras forálacha an Achta um Míchumas i rith 2016.



.An tUasal Craig McLean, NOAA Riarthóir Cúnta do Oceanic agus Atmaisféarach Taighde, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Dr Peter Heffernan, Príomhoifigeach Feidhmíocháin Fhoras na Mara a dhéanann athbhreithniú an saothar ealaine litearthachta farraige mar chuid den Chlár Oideachais Explorers ag an tríú comhdháil Saibhreas náisiúnta Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan i mí Iúil 2016.

Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

Ráiteas an Stiúrthóra »



Dé bharr fás gheilleagar na hÉireann tháinig méadú mór ar thrácht tríd chalafoirt na hÉireann. Braitheann Éire go mór ar chomhoibriú na hearnála muirí chun an cumas calafoirt a chur ar fáil, chomh maith le seirbhísí loingseoireachta a sholáthar chun ceangal a dhéanamh idir Éire agus margai tábhachtacha idirnáisiúnta. Trí thionscail mhuirí na hÉireann a chur chun cinn, comhlíonann an IMDO a shainordú reachtúil agus bíonn ról rithábhachtach aige fás eacnamaíochta a éascú. Cinntíonn sé seo go bhfuil na tionscail dhúchasacha atá ag brath ar an trádáil idirnáisiúnta seirbhéailte go maith ag calafoirt éifeachtúla agus ag earnáil loingseoireachta iomaíoch. Éilíonn sainordú an IMDO ar an tionscal a fhorbairt trí an phobal phoirt agus loingseoireachta na hÉireann a fhorbairt lena n-áirítear oiliúint agus oideachas, chomh maith le forbairt an tráchtáil mhuirí. Tá poitéinseal ard ag an réimse tráchtáil mhuirí, mar gheall ar shaineolas na hÉireann i maoiniú sócmhainní soghluaiste, faoinár gcóras cánach thar a bheith iomaíoch, agus na deiseanna a bheidh deasctha ag Brexit.

Tiosc go bhfuil an tionscal muirí mar pháirt de earnálacha tionscail eile cuireann seo leis an éifeacht atá aige ar iomaíochas náisiúnta. Mar gheilleagar oileáin atá ag brath go mór ar easpórtála, tá tionchar ag éifeachtacht ár gcalafoirt agus seirbhísí loingseoireachta ar méideanna trádála idirnáisiúnta agus mar thoradh air seo tá féidearthachtaí poist nua a sholáthair i go leor earnálacha den gheilleagar na hÉireann. Ciallaíonn an tionchar atá ag an tionscal muirí ar fheidhmíocht eacnamaíoch gur leathnaíonn gníomhaíochtaí an IMDO isteach i réimsí gaolmhara, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, iompar agus lóistíocht, fuinneamh in-athnuaite mara, turasóireacht, agus seirbhísí airgeadais.

In 2016 chomhlíon an IMDO a shainordú reachtúil trí:

- Na seirbhísí loingseoireachta chuig agus ó

Éirinn a chur chun cinn.

- Tacú le forbairt phoirt na hÉireann i gcomhréir le polasaí Náisiúnta na bPort.
- Infheistíocht a spreagadh san earnáil mhuirí ó fhoinsí dúchasacha agus idirnáisiúnta.
- Tabhairt faoi anailís mhargaidh agus gheilleagrach chun tacú le cruthú beartais, forbairt gnó agus cinnteoireacht.
- Comhairle beartais a chur le chéile ar fhorbairt an tionscail don Aire agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Na caighdeáin is airde d'oideachas agus d'oiliúint sa tionscal a chur chun cinn trí oibriú go dlúth le comhpháirtithe oideachais chun cúrsaí ordaithe agus modúil a fhorbairt don earnáil mhuirí, agus chun oideachas ghairmiúil leanúnach sa tionscal a chur chun cinn.
Sliogániascaigh Cladaigh

Chríochnaigh FEAS clár cuimsitheach sliogániascaigh cladaigh ar stoic nach bhfuil faoi réir ag cuótaí faoin gComhbheartas Iascaigh. Cuireadh le chéile bailiú sonraí agus comhairle do stoic díobh seo: cuachmaí, scianta mara, ruacain, gliomaigh, portáin agus muiríní. Tá breis is 15,000 tonna i leaindeálacha na n-acmhainní seo, a bhfuil luach níos mó ná €45 milliún acu don chabhlach cladaigh atá níos lú. Ag obair le tionscal agus le Fóram Bainistithe Cladaigh, rinneadh suirbhéireacht ar stoic scianta mara i 13 limistéar ar chósta thiar na hÉireann. Chuir na suirbhéanna measúnuithe bithmhaise ar fáil mar aon le teorainneacha aschuir d'iascaigh áitiúla nua. Tugadh measúnuithe cuí (tionchair iascaireachta) chun críche le haghaidh Dhún Dealgan agus chaladh Chaisleán na Mainge. Sheas seo do dhúna na chéad timthriallach de phleananna bainistithe iascaigh ar shuíomhanna NATURA, rud a léiríonn gur cuireadh i bhfeidhm go ráthúil na prótacail do phleanáil iascaigh, measúnú cuí, monatóireacht, athbhreithniú agus maolú mar a shonraítear i dtreochlár Éireann leis an *Treoir Gnáthóg* a chomhlíonadh. Cuireadh críoch le hobair allamuigh ar dhá staidéar maidir le tionchair trealamh iascaigh ar ghnáthóga ghrinneall na farraige. Scrúdaigh ceann acu na héifeachtaí de dhreidireacht geimhridh agus potú chun cinn ar fhás fear mara agus ar bhithmhais. Scrúdaigh an ceann eile mar a théann dreidireacht hiodrálach i Muir Éireann thuaidh i bhfeidhm ar pobail driodair mara. Déanfar anailís ar na torthaí in 2017.

Monatóireacht Iasc Eite Uiscshaohraithe

Leanadh le cur i bhfeidhm na *Straitéise um Srianadh Iotnaidí a Fheabhsú ar Fheirmeacha Bradán ha Éireann* de chuid DAFM. Leagtar amach sa straitéis réimse cuimsitheach de bhearta chun srianadh míolta farraige níos fearr a chumasú. Baineann na bearta seo úsáid as an bpróiseas reatha Bainistiú Calaidh Shingil (pleananna bainistithe comhoibríthe idir fheirmeacha a bhfuil an t-uisce céanna in úsáid acu) agus trí plean gníomhaíochta cuimsitheach agus liosta moltaí, déanann said iarracht an réimse uirlisi a fhorbairt a theastaíonn do shrianadh míolta farraige ar fheirmeacha a fheabhsú. D'éascaigh seiceálacha leanúnacha míolta farraige ar an bhfeirm luath-idirghabháil ónar eascair srianadh níos fearr ar mhíolta farraige, go ginearálta, i rith 2016. Baineadh úsáid as cur chuige malartach chun cur le fearachas agus le cóireálacha leighis chomh maith le dianmhaoriseacht réamhghníomhach rialála, rud a chinntigh leibhéal fheabhsaithe de mhíolta farraige ar an iomlán in Éirinn. Foilsítear torthaí an chláir mhonatóireachta agus srianta míolta farraige go hiomlán gach bliain sa tsraith *Irish Fisheries Bulletin* de chuid Fhoras na Mara. Tá an tuairisc le haghaidh 2015 (*Irish Fisheries Bulletin Uimh. 46*) ar fáil ar www.marine.ie agus dáileadh leagan clóite de do pháirtithe leasmhara i mí an Mhárta. Beidh na torthaí ón gclár monatóireachta míolta leighis 2016 ar fáil ar an idirlíon agus i bhfoirm chlóite ó mhí Aibreáin 2017. Baineadh úsáid as cur chuige malartach chun cur le fearachas agus le cóireálacha leighis chomh maith le dianmhaoriseacht réamhghníomhach rialála, rud a chiallaigh gur maith a bainistíodh

leibhéil míolta farraige in Éirinn i rith 2016 ar bhonn ginearálta. Tá claonadh ag fás i dtreo éisc níos glaine a úsáid agus tá fianaise starógach ann a mholann go bhfuil siad ag obair ar líon na míolta bainneann a bheireann uibheacha a laghdú. Tá a n-úsáid ag éirí níos leithne in Éirinn, agus mar a tharlaíonn sé, tugadh faoi deara go raibh siad i 50 faoin gcéad de na feirmeacha bradán in Éirinn in 2016.

Saoráid Taighde Fhoras na Mara Bhaile Uí Fhiacháin

Lean an grúpa FEAS lena gcuid oibre le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar thacair shonraí fhadtéarmacha fhisiciúla, cheimiceacha agus bhítheolaíoch a atá mar shaintréithe de ghné fionnuisce éiceachóras Bhuiríos Umhaill. Lean an clár daonáirimh ar bhradáin, bric gheala agus eascanna ó na gaistí éisc. Rinneadh taifeadadh de 7,362 brainlín bradán ag bogadh amach as éiceachóras abhantrach Bhuiríos Umhaill. I gcomhar le hlascaigh Cladaigh Éireann, lean foireann FEAS ag obair ar an mBuanchoiste Eolaíochta Eascanna agus ar an mBuanchoiste Eolaíochta Bradán chun comhairle eolaíochta náisiúnta a leagan amach do na hacmhainní luachmhara seo. Ghlac an fhoireann páirt leis i mórán cruinnithe idirnáisiúnta de chuid ICES chun staid idirnáisiúnta na stoc seo a mheas agus chun bearta bainistithe idirnáisiúnta a mholadh. Ina theannta sin, d'oibrigh FEAS go dlúth le hlascaigh Cladaigh Éireann agus leis an DCCAÉ ar cheisteanna a bhaineann le salmainid ag Coimisiún Bradán an Atlantaigh Thuaidh (NASCO). Cuireadh le measúnú stoc agus le hobair chomhairleach i mBaile Uí Fhiacháin in 2016 chun mangach, doingean mara agus tuinnín gorm Atlantach a chur san áireamh. As an taighde a rinne foireann FEAS ar abhantrach Bhaile Uí Fhiacháin foilsíodh 10 bpáipéar idirnáisiúnta píar-athbhreithnithe in 2016. Fuarthas maoiniú chomh maith do thionscadail taighde PhD Marie Curie san áireamh atá dírithe ar eachtraí aisteacha aeráide in aibhneacha agus lochanna ar fud na hEorpa.

Ghlac Bord Fhoras na Mara le straitéis Bhaile Uí Fhiacháin i mí Mheán Fómhair 2015. Tá an straitéis bunaithe ar 13 chnuasach taighde, ar a bhfuil taighdeoirí tríú leibhéal agus foireann Fhoras na Mara. In 2016 lean na cnuasaigh seo de bheith ag cur tograí taighde le chéile a dhíríonn ar fhoinsí éagsúla maoinithe d'fhonn lánúsáid a bhaint as saoráid taighde Bhaile Uí Fhiacháin agus a sócmhainní sonraí.

Fuair Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) agus GMIT maoiniú de €2.5 milliún do dhá chnuasach taighde abhantracha nua. Fuair an Cnuasach Géinitice, faoi stiúir ag Foras na Mara agus Príomhthaighdeoir ó UCC, níos mó ná €3.5 milliún ó fhoinsí, an AE agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann san áireamh. Dhirigh na tionscadail seo ar thionchar tosca comhshaoil ar léiriú na géine agus tionchair baictéir putóige ar fhás agus ar fhuinneamhaic éisc (a bhaineann le cothú éisc in uiscshaothrú). Thosaigh ceithre thionscadal PhD Cullen i mBaile Uí Fhiacháin i gcomhar le UCC; GMIT; OÉ Gaillimh agus DkIT. Dhirigh na tionscadail seo ar theiliméadracht éisc fionnuisce agus mara, timthriall carbóin éiceolaíocht mhurlach chósta, agus tá siad faoi chomhfheitheoireacht ag foireann FEAS. Faoi straitéis Bhaile Uí Fhiacháin tá níos mó ná 20 eolai agus taighdeoir nua bunaithe ag an tsaoaráid taighde.

Rinneadh cuid mhaith damáiste do shaoráid Bhaile Uí Fhiacháin i rith drochstoirmeacha geimhridh 2016. Caitheadh an cainéal Tarae a atógáil agus an pasáiste éisc a athchóiriú. Rinneadh athchóirithe nach beag freisin ar an aonad tógála mar ar cuireadh cruth ar locháin agus bóithre agus cosáin.

Taighde Feidhmeach

Gné thábhachtach de straitéis FEAS is ea an fhorbairt ar chomhairle eolaíochta trí chur i bhfeidhm torthaí ó thionscadail taighde. In 2016, fuair FEAS maoiniú chun leanúint leis an obair de Phríomhthaighdeoir Thionscadal Lios an Phúca ar éiceachórais mhara. Fuair an Príomhthaighdeoir agus foireann eile FEAS maoiniú do thionscadail a scrúdaigh slite chun iascaireacht a sheachaint i limistéir íogair; DISCARDLESS (straitéisí do scriosadh céimithe aischur in iascaigh Eorpacha); FISHKOSM (Faisnéis lascaigh don Bhainistiú Inmharthana is Fearr); SEERAC (Measúnú Riosca Éiceolaíochta Léir Spásach do Chaomnú uisci Cósta); BLUEFISH (Ag Cur Acmhainneachta i bhFás Gorm) agus TAPAS.

I gcomhar le OÉ Gaillimh, DkIT, UCC, GMIT, Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus an Scottish Association of Marine Science, tá ochtar mac léinn PhD faoi chomhfheitheoireacht ag foireann FEAS. Ar na tionscadail tá géinitic chun tionchar clár "v-eangúcháin" an ghliomaigh a mheas; measúnú ar straitéis bainistithe anglait; samhaltú aigéaneolaíochta de phobail *Nephrops* ar fud na hÉireann; forbairt táscairí mar thaca leis an MSFD; samhaltú gréasáin bia ar Mhuir Éireann.

Thug FEAS faoi chlár clibeála tuinnín gorm Atlantach i gcomhar le hOllscoil Stanford (SAM), Ollscoil Exeter (Sasana) agus an Centre for Fisheries, Environment and Aquaculture Science (UK CEFAS). Dhirigh an obair ar Chaladh Dhún na nGall agus úsáideadh árthaí cairtfhostaithe chun clibeáil satailite a dhéanamh ar 15 thuinnín gorm Atlantach i nDeireadh Fómhair agus Samhain. Clibeáladh doingean mara chomh maith sa Mhuir Cheilteach agus léirigh na torthaí gur ghluais na héisc ó chósta theas na hÉireann go dtí Muir thiar na hÉireann. Mhaoinigh an AE tionscadal clibeála do throisc chun a gcuid gluaiseachtaí i Muir na hÉireann a scrúdú. Cuirfidh na tionscadail seo sonraí luachmhara far fáil ar dháileadh ráithe agus ama na speiceas seo in uisci timpeall na hÉireann.



Péirse mhara béil ghoirm (*Helicolenus dactylopterus*) a rugadh orthu i rith suirbhé trail ar RV Celtic Explorer. Grianghrafadóir Hans Gerritsen.

Seirbhísí Eolaíocht agus Faisnéis an Aigéin

Ráiteas an Stiúrthóra



Tá sonraí ar ardchaighdeán riachtanach mar bhunús le taighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht mara chomh maith leis an acmhainn mhara a bhainisítú. Cuireann Seirbhísí Eolaíocht agus Faisnéis an Aigéin (OSIS) réimse fairsing seirbhísí ar fáil, ina measc soláthar ardán, bonneagar agus cláir mar thaca leis an slabhra luacha digiteach chun sonraí a fháil agus anailísíocht sonraí. Áirítear leis seo comhtháthú sonraí mar aon le forbairtí uirlísí sonraí agus seirbhísí do chliaint mhuirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Anuas air sin, bíonn cláir i gceist ina bhfuil mórchuid gníomhaíochta d'Fhoras na Mara. Bliain an-ghnóthach ab ea 2016 agus ba shuntasach an ghíomhaíocht a bhí ar siúl inár gcuid cláir, ar nós: seirbhísí aigéaneolaíochta, ard-léarscáiliú, feidhmiú árthaí taighde, seirbhísí agus forbairt faisnéise, agus fuinneamh aigéin.

Ghlac foirne OSIS páirt i raon leathan cláir náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta agus bhí siad an-ghníomhach i réimse cláir arna maoiniú ag an AE, tionscadail nua san áireamh. Feabhsaíonn sé ár gcumas seirbhísí tacaíochta a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais cláir comhtháite eolaíochta atá mar bhunús ag comhairle polasaí tras-earnála.

Bhí bliain ghnóthach ag na hárthaí taighde RV *Celtic Explorer* agus RV *Celtic Voyager* a thug faoi cuid mhaith cláir shuntasacha a luaitear anseo thíos. Thug Seirbhísí Ard-Léirscáilithe lenár gcomhpháirtithe Surbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) mórán laethanta suirbhéireachta agus gníomhaíocht bhreisluacha don INFOMAR. Ar an dul chun cinn a rinneadh i ngníomhaíocht aigéaneolaíochta bhí samhaltú feidhmíochta, athrú aeráide muirí agus forbairt nua-thionscadal poitéinsiúil arna maoiniú ag an AE.

Bhí OSIS freagrach as an bhfaireachlann chábala i gCuan na Gaillimhe a fheidhmiú atá mar chuid de Ghrinneall Tástála Fuinneamh Aigéin agus tástáil teicneolaíochta agus ardán léirithe. Leanamar orainn ag soláthar réimse leathan

seirbhísí mar chuid dár gComhaontú Seirbhíse le SEAI. Mar chuid den tseirbhís seo, chuir Foras na Mara isteach ar léas don suíomh tástála chun tacú le tástáil le gléasanna fuinneamh aigéin athnuaite ceathrú-scála, braiteoirí mara agus TF. D'éirigh thar barr le suiteáil gléas fuinneamh tonnta SeaPower i mí Dheireadh Fómhair – an chéad úsáid de ghléas ceathrú-scála le roinnt blianta.

Lean an fhoireann Seirbhísí Faisnéise agus Forbartha (IS&D) le tacaíocht a thabhairt do raon fairsing gníomhaíochtaí agus chuir siad iarracht shuntasach isteach i bhforbairt seirbhísí sonraí nua. Orthu seo bhí forbairt na tairisí An tAigéan Digiteach Éireannach www.digitalocean.ie, a forbraíodh chun cur chuige comhtháite a léiriú i leith seirbhísí sonraí agus sonraí ag teacht ó chomhpháirtithe nua. D'aithin an fhoireann IS&D an mhórtábhacht a bhaineann le sonraí le dearbhú cáilíochta agus d'fhorbair siad Straitéis Sonraí Fhoras na Mara nua chun tacú le forbairt cumais sonraí laistigh den Fhoras ar feadh na gceithre bliana atá le teacht. Bhí ionchur ó líon mór daoine san Fhoras i gceist leis seo, agus beidh sé mar eilimint lárnach de chlár an Fhorais amach anseo.

An tUas Michael Gillooly

Stiúrthóir: Seirbhísí Eolaíocht agus Faisnéis an Aigéin

Feidhmíochtaí Árthai Taighde

Comheagraíonn agus bainistíonn foireann Fheidhmíochtaí Árthai Taighde feidhmiú an dá ártach taighde de chuid Fhoras na Mara, , RV *Celtic Voyager*, RV *Celtic Explorer* mar aon leis an bhfeithicil Chian-Rialaithe domhainuisce, ROV *Holland I*, agus cuireann siad seirbhísí tacaíochta ar fáil d'úsáideoirí árthai, lena n-áirítear ionstraimí agus seirbhísí tacaíochta innealtóireachta.

Buaicphointí

Bhí bliain lán de ghníomhaíocht ag na hártai in 2016 le 637 lá eolaíochta ar an dá ártach agus 45 lá d'fheidhmiúcht ar roinnt ártai cairtfhostaithe. Chríochnaigh an ROV *Holland 1* cúig shuirbhé in 2016 lena n-áirítear suirbhé tráchtála ón ILV *Granuaile*.

An RV Celtic Explorer

Thug an RV *Celtic Explorer* 19 suirbhé chun críche le linn 2016, tar éis tosú go luath ar 4 Eanáir leis an suirbhé nua Láimhneach agus Trál Méigrim Scoilteán de chuid na Seirbhísí Comhairleacha Éiceachórais Iascach (FEAS) Úsáideadh trealamh mór tráchtála tráil anglaiti chun suirbhéireacht a dhéanamh ar limistéir ar chóstaí thuaidh agus thiar. Thug an t-ártach faoi shuirbhé idirnáisiúnta 21 lá ar Uibheacha Ronnach a chuaigh ó uisce Éireannacha trí Bhá na Bioscáine go dtí cósta na Spáinne.

Tar éis an tsuirbhé ar Fhaoitín Gorm thar ceann FEAS, chríochnaigh an t-ártach suirbhé trasatlantach faoi stiúir ag OÉ Gaillimh a dhirigh ar scair scaipe na domhainfharraige agus imscrúdú ildánach ar fhoghal fuaruisce mór an Atlantaigh láir chun scrúdú a dhéanamh ar a ghnéithe aigéaneolaíochta agus bitheolaíochta.

Chríochnaigh an t-ártach suirbhé trí lá arna mhaoiniú ag NDP faoi stiúir ag Ollscoil Uladh le compháirtithe ó Ceanada. Bhí sé mar aidhm ag an suirbhé scrúdú a dhéanamh ar an scairbh a bhí oighrithe tráth ar an gcósta theas laistigh i dTalamh an Éisc trí úsáid a bhaint as sampláil ilgharman agus crith-chroileacaithe na loinge. Fuarthas sonraí iontacha ón suirbhé ar chórais moiréin nach ndearnach suirbhé orthu roimhe sin le sainsampláil de shil-leaganacha oighreacha le haghaidh anailísí dríodareolaíochta agus geocríneolaíochta.

Tugadh chun críche suirbhé iascach 16 lá (CE16013) faoi chairt don Centre for Fisheries and Ecosystem Research de chuid Ollscoil Memorial, Talamh an Éisc agus Labrador sular fhill an t-ártach ar Éirinn. I rith an turais, thug eolaithe Suirbhé Léarscáilithe Trasatlantach (TRASNA) GSI faoi bhailiú ilgharman agus fo-bhun seismeach, chomh maith le grianghraif ó ceamara agus sampláil carraigí ag Droim an Atlantaigh Láir.

Tar éis don ROV *Holland I* a chur chun farraige, chríochnaigh an t-ártach trí shuirbhé lena n-áirítear CE16015 thar ceann UCC agus suirbhé éiceachóras Chainneoin Fhómhuiri faoi stiúir ag OÉ Gaillimh. Chríochnaigh an ROV cigireacht amhairc ghearr do Kinsale Energy Ltd a sheol sonraí fise beo go dtí an cósta rud a thug deis don chomhlacht scrúdú a dhéanamh ar an mbarr tobair sa réad-am gan iondaí a bheith ar bord.

Thug an t-ártach Suirbhé Éisteachta Peiligeach Scairbh Iarthar na hEorpa (WESPAS) a bhí mar chomhshuirbhé ar Scadán agus Torciasc an Iarthuaiscirt ar feadh 42 lá i mí an Mheithimh agus i mí Iúil. Bhí sos ag an suirbhé chun cuairt a thabhairt ar SeaFest 2016 go déanach i mí an Mheithimh, imeacht ar éirigh thar barr leis le 7,200 cuairteoir chuig

an ártach le haghaidh turasanna thar dhá lá oscailte.

Chríochnaigh an t-ártach freisin suirbhé Aigéaneolaíochta na Mara Thuaidh 39 lá faoi chairt do BSH (Gníomhaireacht Fheidearálach Mhuiri agus Hidreagrafach na Gearmáine) roimh suirbhé INFOMAR naoi lá a dhéanamh a dhirigh ar an Muir Cheilteach theas le limistéir suirbhéireachta de 715 km.

Thug an t-ártach chun críche na suirbhéanna bliantúla ar Éisc Ghrinnill agus Scadán na Mara Ceilte, mar aon le cairtfhostú breise naoi lá in uisce na Gearmáine do BSH sular chríochnaigh sé an bhliain ar 18 Nollaig.



Bhain os cionn 7,000 cuairteoir taitneamh as turas timpeall an ártach taighde RV *Celtic Explorer* de chuid Fhoras na Mara le linn Seafest, féile mara na hÉireann, a bhí ar siúl i nGaillimh in 2016. Grianghrafadóir Tom Szumski

An RV Celtic Voyager

Ba é seo ceann de na blianta ba ghnóthai don RV *Celtic Voyager* inar chríochnaigh sí 44 suirbhé. Ar na suirbhéanna suntasacha bhí úsáid gréasán Seisiméadar Ghrinneall an Aigéin (OBS) in Umar Rockall lár mhí Eanáir (CV16001) agus bailiú na n-aonad OBS déanach i mí Lúnasa (CV16030) Ba thar ceann Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) an obair seo.

Chríochnaigh an t-ártach 69 lá de shuirbhé INFOMAR agus rinneadh suirbhéireacht ar 3,140 km de ghrinneall na farraige ar chóstaí theas agus thiar.

Go luath i mí Bealtaine chríochnaigh an t-ártach suirbhé *Nephrops* Teilifíse Faoi Uisce Langolf thar ceann Institiúid na Fraince um Shaothrú na Farraige (Ifremer) i mBá na Bioscáine don tríú bliain as a chéile agus chríochnaigh sé an chéad ceann de trí shuirbhé éisteachta éighniomhacha DCCAÉ arna maoiniú ag OBSERVE ar an scairbh iarthas *en-route* ón bhFrainc.

Thug an t-ártach chun críche na trí shuirbhé UWTV *Nephrops*

FEAS, ar a raibh an suirbhé Torcán (CV16024) gan fadhb; clúdaiodh an grinneall ar fad le linn na dtrí shuirbhé. Chríochnaigh an t-árthach an suirbhé DINO 16 faoi stiúir ag OÉ Gaillimh ina ndearnadh sraith traschriosanna Aigéaneolaíochta, lena n-áirítear úsáid samplóir beag bideach amach ó chósta na hÉireann, na Breataine agus na Fraince chun scrúdú a dhéanamh ar dháileadh fiteaplanctóin thocsainigh a chuimsíonn *Dinophysis*. Tugadh suirbhé cosúil leis seo faoi stiúir ag MEFS chun críche a rinne scrúdú ar dháileadh *Azadinium spinosum* thocsainigh amach ó chósta theas agus thiar na hÉireann i mí Lúnasa (suirbhé ASBO CV16029).

Chríochnaigh an t-árthach 36 lá d'oilúint SMART (Comhghuaillíocht Muirí Straitéise um Thaighde agus Oilúint) thar ceann institiúidí tríú leibhéal san Earrach agus san Fhómhar ó Chuan Chorcaí. Chríochnaigh GMIT agus OÉ Gaillimh dhá lá oiliúna is fiche astú féin do mhic léinn fochéime agus iarchéime; níos mó ná 655 lá oiliúna mac léinn a bhí ann.

Árthai Cairtfhostaithe

Cairtfhostaíodh an t-árthach an RV *Corystes* de chuid na hInstitiúide Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha (AFBI) chun tabhairt faoi suirbhé 21 lá ar Uibheacha Ronnach thar ceann FEAS de bharr an suirbhé WESPAS a bheith ag teacht salach air, agus tugadh seo chun críche go rathúil i mí an Mheithimh.

Cairtfhostaíodh an t-árthach taighde 20 méadar *Song of the Whale* ar dhá ócáid chun suirbhéanna éisteachta éighniomhacha a dhéanamh mar chuid den chlár OBSERVE.

Ina theannta sin, rinneadh an MV *Ocean Bank* a chairtfhostú chun múrálaíochta éisteachta statacha mar chuid den chlár OBSERVE a úsáid agus a fháil ar ais agus staidéar arna mhaoiniú ag tionscal ar chéiticigh.

An ROV Holland 1

Chríochnaigh an ROV *Holland 1* na suirbhéanna taighde CE16015 agus CE1600, a thóg 23 lá ar an iomlán. Cuireadh é ar fáil d'Ionad Róbataice Muirí in Ollscoil Luimnigh faoin gclár long-ama ar feadh cúig lá. Mar chuid de seo rinneadh trialacha agus tástálacha ar an teicneolaíocht srianta ionramhálaíthe uathobrithe nua agus na teicneolaíochtaí próiseála iomhánna. Tugadh an obair chun críche i gcairéal slinne tréigthe sa Phort Rua, Co Thiobraid Árann, áit a raibh na coinníollacha ar feabhas ó thaobh infheictheachta agus uisce chiúin de.

Slógadh an ROV ar an ILV *Granuaile* go déanach i mí Feabhra. Ar dtús chríochnaigh an córas oibríthe suirbhéireachta ag an suíomh SmartBay agus cairtfhostaíodh é do BSL Idirnáisiúnta chun obair suirbhéireachta chun cábla a chur ag trasnú cábla ardvoltais na Sionainne ag Moneypoint. Ansin cuireadh an ROV chun oibre ag lorg an chábala shnáthoptaice a raibh dochar air *Emerald Bridge* i Muir Éireann. D'éirigh leis an bhfoireann ROV an dá thaobh den chábala a aimsiú agus chabhraigh siad leis an deisiú agus le suiteáil an chábala arís, rud a d'athchóirigh an nasc sonraí Sasanach-Éireannach. Chríochnaigh an ROV 49 lá feidhmíochta in 2016.

Scéim na mBreathnóirí ar Árthai Eachtracha

Faoi scéim na mBreathnóirí ar árthai eachtracha, rinne 42 árthach eachtrach suirbhé taighde muirí in uiscí na hÉireann. Tá faomhadh iomlán ag an RV *Corystes* ó Thuaisceart Éireann chun feidhmí in uiscí na hÉireann agus rinne sé 10 gcinn de na suirbhéanna seo. As


an 32 suirbhé a bhí fágtha rinne árthai ó na tíortha seo leanas iad: an Bhreatain (14), an Fhrainc (2), an Iorua (2), an Spáinn (1), an Ísiltír (4), an Rúis (1), an Danmhairg (1), an Ghearmáin (3) agus an Bheilg (1). Anuas air sin, thug árthach oiliúna ó SAM, an *Corwith Cramer*, faoi dhá shuirbhé oiliúna fad a bhí sé in uiscí na hÉireann. Chuir Foras na Mara 13 breathnóirí Éireannacha, céimithe san eolaíocht mhuirí an chuid ba mhó díobh, ar shuirbhéanna ar árthai eachtracha. 268 lá ar muir a bhí i gceist.

Seirbhísí Ard-Léarscáilithe

Lean an fhoireann seirbhísí ard-léarscáilithe ar aghaidh ag forbairt na straitéise do Chéim 2 den chlár INFOMAR go dtí 2026 arna mhaoiniú ag DCCAE, a fhéachann ar dheiseanna agus ar chur chuige chun feabhas a chur ar ghnéithe breisluacha chomh maith le bearta a fhorbairt chun spriocanna léarscáilithe bliantúla a shainmhíniú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Cuireadh an-iarracht isteach ar an gcaidreamh le páirtithe leasmhara a mheas, agus rinneadh aschuir agus sonraí a chur chun tosaigh agus a ailiniú chun freastal ar riachtanais an úsáideora.

Go feidhmíochtúil, thacaigh an fhoireann le suirbhéireacht grinneall cladaigh uisce éadomhain i Muir Éireann le léarscáilíú amach ó Co Mhaigh Eo agus sa Mhuir Cheilteach ar bord an RV *Celtic Explorer* agus an RV *Celtic Voyager*. Chuir an fhoireann tús arís le léarscáilíú scairbhe amach ón gcósta mar chuid de Chéim 2 de INFOMAR.

Mar chuid de chlár Saothrú Breisluacha INFOMAR chomheagraigh an fhoireann tionscnaimh taighde, oiliúna, oideachais, for-rochtana agus suirbhéanna breisluacha straitéiseacha. Léarscáilíodh Cuan Chill Mocheallóg mar thaca le tionscadal H2020 TAPAS agus staidéar samhaltaithe acmhainn iompaithe Fhoras na Mara/BIM. Díriodh i dtaighde a rinneadh i gcomhar le hOllscoil New Hampshire na Breataine ar shonraí éisteachta ilmhínicíochta a fuair an RV *Celtic Explorer* agus rinneadh inathraitheachta aigéaneolaíochta agus grinnill a mheasúnú le tacú le staidéir iascaigh agus éiceachórais amach anseo.



Taispeánann Oisín McManus, Foras na Mara, cén chaoi gnéithe talún atá suite na mílte méadar faoin Aigéan Atlantach a ghaibhníú leis an INFOMAR Sandbox le hAnne Casserly agus Simon Lenihan ag Féile Eolaíochta agus Theicneolaíochta na Gaillimhe 2016. Grianghraf Andrew Downes, Xposure

Clár 1 – Sonraí a Fháil, a Bhainistiú agus a Thuiscint:

- Fuarthas spriocanna suirbhé le níos mó ná 3,850 km² de shuirbhéireacht ar bord an RV *Celtic Explorer* agus an RV *Celtic Voyager*, a chuimsigh 11,919 km líne i rith 83 lá de shuirbhé INFOMAR. Thacaigh árthaí GSI le léarscáilíu cladaigh agus thug siad faoi. Diríodh ar Mhuir Éirinn idir Loch Garman agus Dún Dealgan.
- Chomheagraigh seirbhísí ard-léarscáilithe tionscadail agus suirbhéanna tríú páirtí breise agus/nó thacaigh siad leo. Ina measc seo, bhí:
 - » Suirbhéanna hidreagrafacha cladaigh siar ó na hOileáin Árann a rinne Hydromaster mar thaca le tionscnamh a bhí maoinithe ag SFI (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus NSF (National Science Foundation, SAM).
 - » Taighde croileacaithe geolaíochta ceathartha / athrú aeráide amach ó chósta Thalamh an Éisc de chuid Ollscoil Uladh.
 - » Taighde ildánach trasatlantach dírithe ar aigéaneolaíocht agus iascaigh faoi stiúir ag OÉ Gaillimh ar bord an RV *Celtic Explorer*.
 - » Stiúir INFOMAR suirbhé ilgharman trasatlantach mar thaca le Comhghuallaíocht Taighde Aigéan an Atlantaigh.



Taispeánann an léarscáil codanna de ghrinneall na farraige a bhí mar chuid den suirbhé a rinne lucht INFOMAR i rith 2016

Clár 2 – Comhtháthú agus Malartú Sonraí:

- Chuir seirbhísí ard-léarscáilithe oiliúint fhairsing ar fáil do bheirt chéimithe i bpróiseáil ilgharman chun an cumas náisiúnta a mhéadú agus mar bhonn le tacaíocht amach anseo agus chun feabhas a chur ar an tréimhse ama idir

an táirge a fháil agus é a bheith le fáil. Tá na sonraí ar fad a fuarthas ar bord an RV *Celtic Explorer* agus an RV *Celtic Voyager* go léir próiseáilte agus iad ar fáil le hioslódáil, agus cuirfear iad ar an amharcóir léarscála gréasáin bataiméadrach.

- Chun freagairt d'aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus do mholtaí i dtuairisc athbhreithnithe clár seachtrach Risk Solutions, tá athdhearadh agus forbairt déanta ar shuíomh idirlín INFOMAR agus an obair fós ag dul ar aghaidh. Is cosúil gur ag deireadh na chéad ráithe in 2017 a seolfar an suíomh idirlín nua. Beidh feabhas suntasach ar cheistiú, rochtain agus íoslódáil sonraí agus táirge.
- Seoladh léarscáil scéil nua chun an difríocht i bhfaisnéis léarscáilithe stairiúil a thabhairt chun solais agus tá sí ar fáil anois tríd an gclár INFOMAR <http://www.arcgis.com/apps/StorytellingSwipe/index.html?appid=20fd626677ef4c75ab126105c12152a6#>

Liostáítear samplaí de na tionscadail sonraí thíos.

- Gnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBMnna) atá ag tabhairt faoi chonarthaí for-rochtana bunaithe ar theicneolaíocht chluichíochta do chomhlachtaí calaidh.
- Sonraí cósta an Chláir do thaighde tríú leibhéal agus do thacaíocht le fuinneamh aigéin a fhorbairt.
- Sonraí trasatlantacha d'fhorbairt bogearraí aicmithe grinneall domhainuisce.
- Ar na hiarratais taighde bhí staidéir geolaíochta ceathartha agus athrú aeráide, imscrúduithe geolaíochta agus comhshaoil agus staidéir longbhriste.

Clár 3 – Saothrú Breisluacha

Bhí gníomhaíocht shuntasach ar bun faoin gClár Breisluacha, ar aon dul le moltaí ón gclár athbhreithnithe Risk Solutions 2016.

Diríodh san fho-chlár seo ar:

- Feasacht an phobail mar gheall ar INFOMAR a thiomsú trí na meáin shóisialta, comhdhálacha, imeachtaí agus for-rochtain.
- Díriú ar chumas a mhéadú ar na scileanna atá ar an ngannchuid i dtaobh tacar a bhaineann le léarscáilíu ghrinneall na farraige a theastaíonn chun buntacú le deiseanna tráchtála FBManna na hÉireann agus deiseanna taighde ag an tríú leibhéal.
- Taighde agus tionscal i ngníomhaíocht taighde breisluacha INFOMAR a spreagadh, tríd an nglao ar thaighde a raibh GSI i gceannas air (Ráithe 4, 2015)..

I measc roinnt buaicphointí, tá an méid a leanas:

- Cuireadh críoch le suirbhé píolótach hipirspeictreach aerga mar thaca le PhD Cullen INFOMAR Mheasúnú Acmhainn Feamainne.
- Rannpháirtíocht in athbhreithniú ICES de chlár léarscáilithe grinnill na hIorua, MAREANO.
- Críochnaíodh an Trascríos Atlantach TRASNA arna dhírú ag Comhghuaillíocht Taighde an Aigéin Atlantaigh faoi stiúir GSI, ina raibh rannpháirtíocht ó mhic léinn agus

oilíuint dóibh ó SAM, ón AE agus ó Cheanada.

- Rannpháirtíocht sa chéad chuid mhuirí den Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta a bhí i gceannas ar an tionscnamh BioBlitz i gcomhar le AquaFact International Services Ltd.
- Painéal agus ról an rapóirtéara sa chéad Fhóram ar Thodhchaí Léarscáiliú Ghrinneall an Aigéin de chuid GEBCO (Cairt Ghinearálta Bhataiméadrach na nAigéan).
- Ról tacaíochta i bhforbairt agus i gcur chun cinn áiléar eolaíochta muirí agus turais loinge SeaFest.
- Sraith seimineár a sheoladh dírithe ar mhic léinn tríú leibhéal chun úsáid sonraí INFOMAR a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht na mac léinn sa chlár a spreagadh.

Téann gníomhaíocht agus iarracht taighde le gníomhaíochtaí agus dúshláin INFOMAR. Cé go mbeidh gá ag na tionscadail le feitheoireacht, rochtain ar shonraí agus tacaíocht suirbhé páirce, leanfaidh an clár gníomhaíochta breisluacha seo ag cur le cumas mórthaighde, agus spreagfaidh sé forbairt teicneolaíochta i sainréimsí a bhaineann le INFOMAR.

Seirbhísí Aigéaneolaíochta

Sholáthair foireann na Seirbhísí Aigéaneolaíochta (OS) gach gné den chlár suntasach oibre a bhain le Comhaontú Leibhéil Seirbhíse

um Fhuinneamh na Mara de chuid SEAI go tráthrialta agus laistigh den bhuiséad. Lean an fhoireann leis an mbainistíú ar na saoráidí tástála agus léirithe ag an suíomh tástála fuinneamh aigéin ceathrú-scála i gCuan na Gaillimhe le seirbhísí feidhmíochta breise ar fáil ag suíomhanna tástála fuinneamh aigéin Chuan na Gaillimhe, Bhéal an Mhuirthead agus Westwave. Cuireadh isteach an t-iarratas ar léas urthrú do Shuíomh Tástála Fuinnimh Athnuaite agus Mhuirí Chuan na Gaillimhe i mí Aibreáin. Bhí comhairliúchán poiblí ar an iarratas ar siúl ó mhí Bealtaine go dtí mí Mheán Fómhair. Tá Foras na Mara ag súil go gceadófar léas 35 bliain don suíomh tástála go luath in 2017.

I mí Dheireadh Fómhair suiteáladh an gléas fuinneamh tonnta SeaPower ag an suíomh tástála agus tá sé le fanacht ar an suíomh go dtí an 19 Márta 2017. Cuireadh Faireachlann Chuan na Gaillimhe isteach i mí Lúnasa 2015 agus seoladh i go hoifigiúil ag SeaFest 2016 i mí an Mheithimh le tairseach sonraí atá ar fáil don phobal ina bhfuil faisnéis réad-ama. Baineadh an Faireachlann ón ngrinneall ar 29 Samhain le haghaidh athchóirithe agus chun trealamh nua agus cáblaí a chur isteach inti agus cuirfear ar ais i go luath in 2017.

Lean an fhoireann shamhaltaithe ar aghaidh ag soláthar Sheirbhísí Monatóireachta Comhshaoil Mhuirí Copernicus (CMEMS) do réigiúin na hÉireann, na Bioscáine agus na hIbéire. Tá an fhoireann shamhaltaithe mar chuid de chuibhreannas Ionad Réamhaisnéise Muirí na hÉireann, na Bioscáine agus na hIbéire (IBI-MFC) agus tá sí freagrach as seirbhís réamhaisnéise muirí bith-gheocheimiceach a chur ar fáil. D'éirigh go maith leis an soláthar seo le linn 2016 agus tá an cuibhreannas ar cheann de na hionaid réamhaisnéise is fearr in CMEMS. Rinneadh uasghrádú ar na samhlacha feidhmíochta de chuid Fhoras na

Mara i rith 2016. Ar na hathruithe a rinneadh bhí cur i bhfeidhm fórsáil atmaisféir ardaífigh a sholáthair an European Centre for Medium-range Weather Forecasts, agus fórsáil thaoidmhear uasghrádaithe.

Thacaigh an fhoireann le gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála a chuimsigh iarratais ar sionsamhluithe samhlacha, agus bhí baint aici le tionscnamh idir-ghníomhaireachta Chuan na Gaillimhe a bhí faoi cheannas ag an nGarda Síochána. Thosaigh an tionscadal H2020 TAPAS in 2016 agus forbróidh an fhoireann samhlacha do thrí bhá agus oibreoidh siad go dlúth le comhghleachtaithe ó BIM.

Thacaigh an fhoireann freisin le húsáid samhail iompair larbhai ICHTHYOP i bhForas na Mara i gcomhar le réamhaisnéisí aigéin agus chuir sí ar fáil go flaithiúil réamhaisnéisí rialta tonnta aigéin agus sítheadh stoirme agus iaraisnéisí d'úsáideoirí deiridh ag Foras na Mara agus lasmuigh de.

Leanadh leis an obair chomh maith ar an tionscadal ProAtlantic seicphointí grinnill de chuid Ghréasán Breathnaithe agus Sonraí Muirí na hEorpa (EMODnet) (fáil ar shonraí agus iad a bheith cuí ar ghrinneall an Atlantaigh).

Leanann Seirbhísí Aigéaneolaíochta ag obair le foireann seirbhísí faisnéise agus forbartha chun sonraí aigéaneolaíochta a chur ar fáil agus a bheith inoiriúnaithe trí dheais sonraí nua agus timpeallacht tairsí. Tá bleaindithe Argo curtha chun siúil ag Foras na Mara mar chuid den Aigéan Digiteach Éireannach anois, mar atá sonraí ón Gréasán Náisiúnta Éireannach um Thomhas Taoidí, rud a feabhsaíodh le tomhsairí breise agus ag an nGréasán Náisiúnta Éireannach Baoite Aimsire.

Baineadh amach príomhghnéithe de thionscadail arna maoiniú ag an AE agus chuir Foras na Mara ar bun iad le linn 2016, ina measc: FixO3 (ag nascadh gníomhaíochtaí ar fhaireachlanna muirí ar phointe suite); AtlantOS (ag Optamú agus ag Feabhsú na gCóras Faire Comhtháite an Aigéin Atlantaigh); EMSOdev (Faireachlann Grinnill Ildánaigh na hEorpa); agus JERICO-Next (I dtreo comh-bhonneagar taighde d'fhaireachlanna cósta).

Ag cur le hiarracht Fhoras na Mara le linn 2015 chun cás a fhorbairt d'Éirinn a bheith páirteach leis na Cuibhreannais EMSO agus an Euro-Argo European Research Infrastructure Consortiums (ERIC), d'éirigh leis in 2016 agus ionad ag Foras na Mara, thar ceann na hÉireann, in Euro-Argo agus EMSO ERICs.

Cinnteoigh an bhallaíocht seo áit lárnach d'Éireann i monatóireacht bhreathnadóireachta limistéar muirí na hEorpa agus deimhneoidh sé maoiniú amach anseo.

Thosaigh roinnt tionscadal arna maoiniú ag an AE i rith 2016 nó fuarthas deimhniú ar mhaoiniú dóibh. Orthu seo bhí COOP+ (tionscadal H2020 ag leanúint ó COOPEUS – FP7, chun an comhoibriú de Bhonneagair Taighde a fhorbairt chun freastal ar dhúshláin dhomhanda sa raon comhshaoil) agus EMSOlink (tionscadal arna mhaoiniú ag H2020 faoi stiúir ag EMSO ERIC a thacóidh le rialú EMSO ERIC agus a éascóidh comheagrú tógáil, feidhmíocht, síneadh agus cothabháil EMSO). Le linn 2016 bhí Foras na Mara gníomhach ag cur isteach tograí taighde arna maoiniú ag an Eoraip (H2020, INTERREG Atlantic Area, INTERREG VA, agus JPI Climate) agus d'fheadfadh iad a mhaoiniú nuair a chríochnófar a measúnuithe faoi seach go luath in 2017.

Fanann an fhoireann gníomhach ar ICES, Córas Breathnaithe Aigéan Domhanda na hEorpa (EuroGOOS), Córas Feidhmíochta Réigiúnach na hÉireann, na Bioscáine agus na hIbéire (IBIROOS), Córas Aigéaneolaíochta Feidhmíochta Scairbh Iarthuaisceart na hEorpa (NOOS), agus an grúpa bainistithe de Euro-Argo – an taobh Eorpach don ghréasán idirnáisiúnta Argo de bhleaindithe uathoibríthe chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhathróga an aigéin.

I gcomhar leis na hOibríochtaí Muiri agus foirne ceimice de chuid an MEFSS, urraíodh maoiniú náisiúnta le haghaidh trasnú hidreagrafach trasatlantach GO-SHIP A02 a phleanáil agus a stiúradh ó Cheanada go hÉirinn in 2017, i bpáirt le heolaithe arb as Éirinn, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada dóibh.

Le linn 2016, d'fhás an tábhacht a bhí le saincheist an athruithe aeráide go suntasach ó thaobh chlár na mbeartas náisiúnta agus thug an fhoireann SO tacaíocht don RTBM an bealach a ullmhú dá Plean Muiri i ndáil le hOiriúnú Eanála. Tá Foras na Mara i ndiaidh oibríú chun iarrachtaí a spreagadh i dtreo cur chuige comhordaithe agus ildisciplíneach a chur i bhfeidhm, a mbeadh riachtanais náisiúnta mar bhunchloch aige, d'fhonn solas a chaitheamh ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide in éineacht le gníomhaireachtaí iomchuí; GCC, Met Éireann, OOP agus institiúidí tríú leibhéal.

Seirbhísí Faisnéise agus Forbartha

Forbraíonn agus bainistíonn an fhoireann um sheirbhísí faisnéise agus forbartha TFC agus infreastruchtúr sonraí agus cumais ar fud Fhoras na Mara d'fhonn ardán daingean oibríochtúil sonraí agus TFC a sholáthar mar thacú le soláthar seirbhíse oibríochta agus taighde na hinstiúide.

Bainistíonn an fhoireann um sheirbhísí faisnéise agus forbartha deasc úsáideora seirbhíse a d'fhóin breis agus 2,150 iarratas inmheánach tacaíochta in 2016. Chiuimsigh na hiarratais crua-earraí, bogearraí agus bainistiú sonraí, agus oiliúint inmheánach. Eagraíonn an fhoireann Seirbhísí Iarratas ar Shonraí Fhoras na Mara freisin agus bhí 147 iarratas ar shonraí ann in 2016 ó fhoinsí seachtracha. Tháinig na hiarratais seo ó go leor úsáideoirí sonraí lena n-áirítear iarratais ón BBC dá shraith *Oceans* atá le teacht, mar aon le hiarratais eile ó fhorbróirí aipe gréasáin chun faisnéis ar an teocht áitiúil mara a thaispeáint. Tá inrochtaineacht ar shonraí ag méadú agus táthar ag cur níos mó sonraí ar fáil ar líne trí sheirbhísí ar nós <http://data.marine.ie>, www.digitalocean.ie, <http://atlas.marine.ie> agus www.oceanenergyireland.ie, atá tar éis úsáid rialta a léiriú i rith 2016.

Bhí baint ag an bhfoireann um sheirbhísí faisnéise agus forbartha (IS&D) i dtionscadail rithábhachtacha chun cumais TFC na hinstiúide a fhorbairt nó chun tacú le tionscadail le páirtneirí seachtracha. Áiríodh leis na tionscadail siúd: infreastruchtúr freastalaí agus córas sruthú sonraí a fhorbairt chun tacú le Faireachlann Chuan na Gaillimhe; bunuasgráduithe infreastruchtúir TFC in Órán Mór agus Wilton Park House chun cumais freastalaí, stórais agus cumarsáide a fheabhsú; uasgráduithe ar chóras bainistíochta na Sláinte Éisc agus córas sonraí na Seirbhíse um Bláis Algacha Díobhálacha chun tacú le feabhsuithe ar sholáthar seirbhíse; agus ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun atlas saintréitheach ar líne a chur ar bun le haghaidh fuinneamh muiri in-athnuaite a fhorbairt.

Anuas air sin, bhí baint nach beag ag an bhfoireann le coincheap aigéan digiteach na hÉireann a fhorbairt trí thairseach an Aigéin Dhigitigh mar aon le sonraí ó OOP agus Argo ar www.digitalocean.ie. Chomh maith leis sin, forbraíodh léirshamlaithe sonraí ar líne chun faisnéis níos inúsáidte a sholáthar d'úsáideoirí deiridh.

Ghlac an fhoireann páirt i dtograí taighde rathúla ar bhainistiú sonraí de chuid an AE, mar chuid den EMODnet Ingestion and SeaDataCloud consortia, agus tá sí ag leanúint léi ag obair le Insight Ollscoil na hÉireann Gaillimh ar an tionscadal ar a dtugtar, the OpenGovIntelligence project a chuirfidh sonraí “linked” aigéaneolaíochta i gcló ón bhfaireachlann fomhuiri.

Gníomhaíocht rithábhachtach don fhoireann um sheirbhísí faisnéise agus forbartha a bhí i bhforbairt straitéise sonraí nua de chuid Fhoras na Mara chun tacú le forbairt cumas sonraí laistigh den Fhoras sna ceithre bliana atá romhainn. Tá forbairt déanta ar an straitéis agus cuirfear i bhfeidhm í i gcomhar le baill foirne iomchuí. Is straitéis í atá deartha mar straitéis atá cliste agus oiriúnaitheach. Tá an straitéis seo tar éis pleán agus creat a leagan amach chun luach sonraí muiri a bharrfheabhsú, lena n-áirítear rialú feabhsaithe, saineolas sonraí agus córais agus cumas luach ár sonraí a ghioráil trí shonraí a athúsáid.

Nuálaíocht phoiblí agus tacaíocht taighde

Ráiteas an Stiúrthóra »



Oibríonn na Seirbhísí Tacú le Beartais Nuálaíochta agus Taighde (PIRS) chun taighde mara a chothú in Éirinn agus chun comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn. Caitheann lucht na Seirbhísí seo réamhfhéachaint ar bheartais agus ar an tionscal, rud a chabhraíonn le forbairt beartas agus a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe. Cuireann an PIRS ról Fhoras na Mara chun cinn mar chomhpháirtí taighde agus cinntíonn sé go bhfuil taighdeoirí mara na hÉireann ar an eolas maidir le forbairtí iomchuí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Oibríonn an fhoireann go dlúth leis an bpobal taighde in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil an oiread daoine is féidir ag glacadh páirt i cláir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Folaíonn sé seo maoiniú Fhoras na Mara a ailíniú le cláir náisiúnta agus cláir de chuid an AE chun an tionchar is mó a chinntiú, agus ag an am céanna na bearnaí i mbunmhaoiniú muirí a íoslaghdú.

Tá páirt an Fhorais in AORA-CSA corpraithe laistigh den PIRS. Is tionscadal gníomhaíochta comhordaithe agus tacaíochta an Aontais Eorpaigh é seo, atá maoinithe faoin gClár taighde 2020 (H2020). Tacaíonn sé le Ráiteas na Gaillimhe a chur i bhfeidhm, a shínigh na Stáit Aontaithe, Ceanada agus AE in 2013. Le linn 2016, ghlac PIRS áit an SEMRU ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh mar ionad náisiúnta na hÉireann den fhoireann tacaíochta don Phlean Gníomhaíochta Atlantach.

Gníomhaíochtaí eile suntasacha a raibh baint ag an PIRS leo:

- Ag tionól agus ag tacú le grúpa feidhmithe a bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí a tháinig ón tuarascáil *Development Task Force 2015* as ar tháinig an Fhoireann Forbartha Mara.
- Féile na Mara (SeaFest) 2016, Caladh na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe agus an

chomhdháil ar Shaibhreas ár nAigéan (*Our Ocean Wealth conference*) ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh, a raibh seoladh na faireachlainne fomhuirí SmartBay i gCuan na Gaillimhe mar chuid de.

- Tri thraschrios de chuid an Chomhghuaillíochta Taighde don Aigéan Atlantach (AORA).
- Forbairt leanúnach ar bhraisle an tionscail SmartOcean, agus próifiliú comhlachtaí muirí de chuid Fhoras na Mara ag ócáidí idirnáisiúnta.
- Folaíonn infheistíochtaí de €9.8m faoi Bheartas Taighde Mara an Fhorais €3.0m le haghaidh am loinge ar árthai taighde agus an Fheithicil Faoi Uisce Oibriú Ó Chian (ROV) agus €7.8m ar thionscadail taighde nua.
- Bhuaigh taighdeoirí de chuid na hÉireann dámhachtainí de luach €6.6m, arna maoiniú ag H2020.

An tUas. JOHN EVANS

Stiúrthóir: Nuálaíocht phoiblí agus tacaíocht taighde

Tacaíocht Beartais

Thacaigh PIRS leis an ngrúpa idir-rannach Grúpa Comhordaithe Fhoras na Mara (MCG), go sonrach le Plean Comhtháite Muiri d'Éirinn *Harnessing Our Ocean Wealth (HOOW)* (Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin). D'fholaigh sé seo eagrú na comhdhála bliantúla darb ainm *Our Ocean Wealth* ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus tacú léi lena linn. Bhí an chomhdháil seo mar chuid de chlár na n-imeachtaí ag SeaFest 2016. Ag comhtharlú le dualgais na comhdhála, bhí an PIRS freagrach as an *Harnessing Our Ocean Wealth Annual Review of Progress* a chomhordú agus a fhoilsiú chomh maith le cumarsáidí ábhartha ar líne a bhainistiú, ourowealth.ie agus na meáin shóisialta san áireamh.

I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála *Our Ocean Wealth Development Task Force* in 2015, cuireadh grúpa oibre feidhmithe ar bun i mí Eanáir 2016 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na moltaí le fócas ar leith ar Fhoireann Forbartha Mara chomhtháite a bhunú. Thug PIRS tacaíocht rúnaíochta don ghrúpa a bhí ag tuairisciú do Ghrúpa Comhordaithe Fhoras na Mara trí bheith ag obair le gníomhaíochtaí forbartha agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí muiri (IDA, Enterprise Ireland, BIM, Bord Bia, Fáilte Ireland, Oifig Forbartha Muiri na hÉireann (IMDO), agus GSI). Fógraíodh i mí an Mheithimh go gcuirfeadh an IMDO fáilte roimh an MDT mar thoradh air seo.

Chuir an PIRS dréacht de Straitéis Nuálaíochta agus Taighde Mara d'Éirinn chun críche freisin. Cuimsíonn an Straitéis cúig théama taighde dhéag agus rinneadh measúnú mar chuid den ullmhúchán lena haghaidh ar aibíocht taighde mara na hÉireann sna téamaí seo i gcás na dtrí chatagóir seo a leanas: cumas, infreastuctúr, líonraí agus caidrimh. Tar éis comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna agus i mí na Nollag, tá an Straitéis le críochnú agus le foilsiú in 2017. Mar chuid den phróiseas ullmhúcháin, bhunaigh Foras na Mara grúpa teagmhálaithe muiri ón tríú leibhéal a bhfuil ionadaithe ó Institiúidí Ardoideachais na hÉireann agus ó eagraíochtaí taighde eile mar bhaill de. Tháinig an grúpa le chéile faoi dhó i rith na bliana chun an Straitéis a phlé chomh maith le staid na hÉireann i leith clár oibre muiri H2020.

Lean PIRS le bheith ag obair leis an Aonad Taighde Mara Socheacnamaíoch (SEMRU) in Ollscoil na hÉireann Gaillimh ag bailiú agus ag déanamh anailís leanúnach ar shonraí eacnamaíoch arbh é ab aidhm leis geilleagar Aigéin na hÉireann a mheas. D'oibrigh PIRS le comhghleacaithe institiúidí eile freisin ar threoir thionscadal chun gairmeacha atá bainteach le cúrsaí muiri a chur chun cinn mar chuid de Thairseach Náisiúnta na nGairmeacha. Is é is cuspóir leis an tionscadal tacú le moltaí a thagann ó thuarascáil an tSainghrúpa ar Scileanna don Todhchaí, ag tacú le Sprioc a Trí agus le gníomhaíochtaí ar leith atá cuimsithe in Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan (HOOW), agus trí aghaidh a thabhairt ar mholtaí a thagann ón Tascfhórsa Forbartha.

Faoi dheireadh, tar éis ceardlainne i mí Aibreáin, chríochnaigh an tascfhórsa ar bhith-theicneolaíocht mhuirí a chuid oibre agus chuir sé a thuarascáil faoi bhráid Fhoras na Mara. Foilseofar an tuarascáil in 2017 agus is ón tuarascáil chéanna a thiocfaidh bunús chur chuige an Forais i leith topaicí ar nós bithfhionnachtain mhuirí.

Oifig Taighde & Forbartha

Bhainistigh an Oifig Taighde agus Forbartha infheistíochtaí de €9.8m faoi Bheartas Taighde Fhoras na Mara: €3.0m le haghaidh am loinge ar na háirde taighde agus an fheithicil oibriú ó chian (ROV) agus €7.8m ar thionscadail taighde nua.

Mhaoinigh an infheistíocht am loinge na háirde taighde agus an ROV chun taighde mara ildisciplíneach agus oiliúint mac léinn a dhéanamh in uisci na hÉireann agus níos faide i gcéin (tá tuilleadh sonraí le fáil in Aguisín 1). Faoin gclár, bhí 93 lá tacaíochta le haghaidh taighde ann, agus 63 lá chun oiliúint a chur ar fáil ar bord *RV Celtic Explorer* agus *RV Celtic Voyager*.

Ghabhadh clár chomh-mhaoinithe iomaíochta le SFI agus le bith-theicneolaíocht ERAnet (ERA-MBT) de lámh trí infheistíochtaí de €1.8m agus €0.3m faoi seach. Is trí na clár seo is féidir leis na hlmscrúdaitheoirí Príomha níos mó maoinithe a ghairáil trí H2020 agus trí bhabhtá maoinithe náisiúnta amach anseo.

Bronnadh dámhachtain ar thriúr thaighdeoirí de chuid na hÉireann freisin, ag cur fáilte rompu úsáid a bhaint as infreastuctúr náisiúnta atá arna bhainistiú ag Foras na Mara. Bhí an clár náisiúnta i leith rochtain ar infreastuctúr ar an gcéad cheann acu. Cuireann an clár seo ar chumas taighdeoirí rochtain a fháil ar an tástáil SmartBay agus ar an áis taispeánta. Bronnadh €0.2m ar naoi dtionscadal ar an iomlán. De thoradh gairm fionnachtana ar bhith-acmhainní, bronnadh €0.9m ar thionscadal shaotharlann náisiúnta mhuirí na bithfhionnachtana chun an saotharlann náisiúnta bithfhionnachtana a fhorbairt agus a reáchtáil ag Foras na Mara. Faoi dheireadh, bronnadh ar dhá thionscadal €2.6m faoi bheartas tionscail a bhí ag tacú le hacmhainní iascaireachta. Beidh sé d'aidhm ag na clár seo taighde ag áis abhantraí Fhoras na Mara i mBaile Uí Fhiacháin a dhéanamh, áit a mbeidh na clár seo ag obair taobh leis na clár agus an tsraith leathan sonraí i mBaile Uí Fhiacháin agus ag an am céanna ag cur luach leo.

De thoradh dhá ghairm ar thacaíocht polasaí, bronnadh €0.5m agus €0.65m ar *Valuing Ireland's Ocean Economy* agus *Understanding Ocean Acidification*, faoi seach. Leis na sé Chomhaltacht Uí Chuilinn nua-mhaoinithe san áireamh, tá ocht gcinn déag ann agus fágann sé sin go bhfuil €0.15m d'infheistíocht sa chlár seo san iomlán. Lean an clár soghluaisteachta taighdeoirí (deontais líonra agus scoláireachtaí Fulbright) ar aghaidh, bhí infheistíocht €82,000 ann chun tacú le taighdeoirí na hÉireann le comhfhiontair a chruthú, agus a dtaighde a chur chun cinn in Éirinn, sa AE agus ar fud an domhain.

Cuireadh críoch le tionscadail taighde a thosaigh faoin gclár SeaChange chomh maith. Foilseofar na tuarascálacha deireanacha ó thionscadail EIRCODi agus Nutramara gan mórán moille agus beidh siad ar fáil ar Stór Rochtana Oscailte Fhoras na Mara. Le linn FHéile na Mara (SeaFest) 2016 tionóladh ceardlann do Thaighdeoirí SeaChange ag Foras na Mara agus tugadh deis do thaighdeoirí óga ó na tionscadail seo agus ó thionscadail eile SeaChange a gcuid oibre a chur i láthair.

Cúis bhróin ab ea bás an Dr Richard FitzGerald, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i mí na Nollag 2016, arbh é an tImscrúdaitheoir Príomha é ar an tionscadal EIRCOD. Ba eolaí muiri é an Dr FitzGerald a raibh an-chuid eolais go deo aige agus a sheas amach mar eiseamláir i measc lucht na heolaíochta muiri in Éirinn. Aireoidh a chuid comhghleacaithe ar fad i bhForas na Mara go mór uathu é.

Go himheánach, thug an Oifig Taighde tacaíocht do chomhghleacaithe Fhoras na Mara ó thaobh cúrsaí bainistíocht airgeadais agus riarachán tionscadal taighde arna maoiniú ag an AE. Cuirtear tacaíocht ar fáil i gcomhair naoi dtionscadal déag faoi láthair (lena n-áirítear tionscadail nua H2020), a bhfuil luach breis agus €4.2m curtha orthu i gcúnamh deontais d'Fhoras na Mara. Chabhraigh aonad tacaíochta na hÉireann ón bPlean Gníomhaíochta Atlantaigh (Atlantic Action Plan) laistigh de PIRS le heagrú an tríú comhdháil ar Ardán Geallsealbhóirí an Atlantaigh (Atlantic Stakeholder Platform conference): Ag cur Fiontraíochta agus

Nuálaíochta i limistéar an Atlantaigh chun cinn (Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, an 27 Meán Fómhair). Is i an mol lárnach cumarsáide i an chomhdháil bhliantúil seo do na geallsealbhóirí i Straitéis an Atlantaigh le haghaidh líonrú agus comhoibriú a phlé; faisnéis agus cleachtais mhaithe a roinnt lena chéile; smaointe maidir le tionscadail shuimiúla a aithint agus a chur chun cinn chomh maith le trácht a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe agus comhpháirtíochtaí dá gcuid tionscadal.

D'eagraigh Aonad Tacaíochta na hÉireann an 3ú Ócáid Náisiúnta in Éirinn freisin: Ag nascadh Straitéis an Atlantaigh agus Deiseanna Maoinithe Reatha i nGaillimh ar an 24 Samhain. Pléadh deiseanna maoinithe reatha an AE atá ar fáil do thaighdeoirí na hÉireann ag an ócáid atá ag teacht le Tosaíocht 2 ar an bPlean Gníomhaíochta Atlantaigh: Timpeallacht na Mara agus an Chósta a Chaomhnú, a Choinneáil Slán agus a Fheabhsú. Ba é an aidhm a bhí aige an nasc idir Straitéis an Atlantaigh agus deiseanna a bhí ar fáil a chinntiú, agus chun foireann Aonad Tacaíochta na hÉireann a chur i láthair gheallsealbhóirí na hÉireann.

Clár Idirnáisiúnta

Anuas ar an gcomhoibriú idirnáisiúnta a bhí idir lámhe ag lucht na seirbhísí eile i bhForas na Mara, is é PIRS atá chun tosaigh ó thaobh comhordú taighde idirnáisiúnta agus tacaíocht beartais. Cuimsíonn an fheidhm seo ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag fóraim taighde idirnáisiúnta agus ag cinntiú go bhfuil taighdeoirí na hÉireann ar an eolas maidir le tionscnaimh agus forbairtí idirnáisiúnta agus ag glacadh páirt iontu chomh maith.

Lean John Evans le bheith ina thoscaire náisiúnta ar Choiste Clár Dhúshláin Sochaíoch 2 den chreat maoinithe taighde H2020 an AE ag déileáil le gnéithe muirí d'obair an choiste. Lean an Dr Fiona Grant, an Bainisteoir Clár Idirnáisiúnta, leis an ról a bhí aici mar phointe teagmhála náisiúnta le haghaidh gnéithe muirí de mhaoiniú H2020 agus ceapadh ina saineolaí náisiúnta ar an gCoiste Clár i freisin.

Áiríodh leis an ionadaíocht eile a sholáthraigh PIRS Bord Muirí na hEorpa; EurOcean agus an Coimisiún Idir-rialtasach Aigéaneolaíochta arna n-óstú ag UNESCO, a dtugann an Dr Grant tacaíocht do gach ceann acu. Chomh maith leis sin, is ball é John Evans de Bhord Bainistíochta na n-Aigéan JPI. Ba éacht rithabhachtach é siniú na hÉireann ar dhá Chuibhreannas don Bhoneagar Taighde Eorpach (ERIC); EMSO, atá bainteach le faireachlanna domhainfharraige, agus Euro-Argo, flótaí próifílithe. Rinneadh bunchloch na hoibre seo thar thréimhse shínte le comhghleacaithe sna Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise (OSIS). Tugadh tacaíocht do thionscnaimh ad hoc a bhí tábhachtach ar leibhéal náisiúnta agus a bhí bainteach le bith-theicneolaíocht mhuirí, de réir mar ba ghá.

Tionóladh seisiúin eolais i gceanncheathrú Fhoras na Mara chun glaonna oscailte H2020 a chur chun cinn i mí Eanáir agus i nGaillimh i mí na Samhna mar chuid d'ócáid níos leithne de Straitéis an Atlantaigh. I mí Eanáir, d'fhreastail seasca a sé thaighdeoir, innealtóir agus FBM ar an seisiún eolais a raibh seisiún ar leith a bhí dírithe ar scríobh tograí mar chuid de. D'fhreastail trí dhuine is tríocha ar sheisiún eile a bhain le cúrsaí maoinithe muirí ar lá Phlean Gníomhaíochta an Atlantaigh i mí na Samhna. D'óstáil an Dr Grant ócáidí seó bóthair sna hInstitiúidí Ardoideachais i gcomhar le Pointí Teagmhála an 5ú Chláir Dhúshláin Sochaíoch (NCP) agus i dTuaisceart Éireann le hIdirthráchtáil Éireann.

Bhí líon áirithe dámhachtainí ann sa bhliain 2016 thar réimse ionstraimí an mhaoinithe H2020, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí go geal le pobal

taighde mara na hÉireann go fóill.

Faoi na glaonna Fás Gorm, fuair GENIALG lena mbaineann OÉ Gaillimh agus Aqua TT mar chomhpháirtithe, €1,027,172. Faoi na topaic gníomhaíochta Taighde agus Nuálaíochta ar an Artach, d'éirigh le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad, agus ba é an t-aon iarratasóir amháin é sa tionscadal INTAROS a raibh buiséid de €88,339 aige chun ráta ratha céad faoin gcéad a bhaint amach. D'éirigh le hiarratas chomh-mhaoinithe MarTERA freisin a bhfuil luach ainmniúil €471,946 air (agus maoiniú breisiú de thart ar €1m le dáileadh ar thionscadail rathúla le comhpháirtithe de chuid na hÉireann). Ba é €1,587,457 iomlán na ndámhachtainí Fás Gorm, rud a fhágann go bhfuil brabús de 2.2 faoin gcéad le tógáil ó ghlaonna Fás Gorm. Lena chois sin, liostáladh Aqua TT mar thriú páirtí faoi ghlaon SFS ar fhorbairt uiscshaothraithe san Áis Thoir-Theas.

Áiríodh ar na buanna tábhachtacha maoinithe eile le haghaidh topaicí bainteach le cúrsaí muirí sraith Erasmus+ ar mhaithe le soghluaisteacht foghlaiméoirí agus foirne, lena n-áirítear Máistreacht Idirnáisiúnta sna hAcmhainní Mara agus Bitheolaíochta (IMBRSea) atá ar fáil in GMIT. Faoi na glaonna Infreastreachtúir, is comhpháirtí é Foras na Mara in EMSO-Link (luach €357,055) agus in SeaDataCloud (luach €119,375). Bhuaigh an t-aonad MaREI (óstáilte ag UCC) dámhachtainí tábhachtacha le haghaidh tionscadal infreastreachtúir straitéiseach a bhain le fuinneamh aigéin in-athnuaite - is é sin tionscadail an Marinet 2 (luach €1,622,610) agus an Mariner-g-i (luach €433,062). Is comhpháirtithe iad araon OÉ Gaillimh-DERI (luach €475,000) agus Foras na Mara (luach €117,362) in OpenGovIntelligence. D'éirigh le Dare Technology faoi ionstraim FBM Chéim 1 (luach €50,000) agus bronnadh dámhachtain mhór ar OpenHydro faoi Thionscnamh na Nuálaíochta Mire a d'fhéach ar chumas an tionscail turbin (luach €1,773,297).

Bronnadh €6,661,467 ar thionscadail mhuirí H2020 de chuid na hÉireann ina iomláine.

An tArdchlár Náisiúnta Teicneolaíochta Muirí

Lean an tArdchlár Náisiúnta Teicneolaíochta Muirí le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ollthaighde rithabhachtach agus do ghníomhaíochtaí nuálaíochta i dteicneolaíochtaí muirí. Ba é ba chuspóir leis an gclár tacú le brainsí nuálaíochta agus le hinfreastreachtúir forbartha den scoth. Áiríodh leo seo teicneolaíochtaí braiteora agus ardáin, ardchumarsáidí, fis ríomhaire agus róбатаic chomh maith le córais bainistíocht sonraí agus faisnéise.

Ar na hócáidí a chuir an clár chun cinn bhí Aigéaneolaíocht Idirnáisiúnta 2016 ag ExCel London i mí an Mhárta, agus an chomhdháil ar an Aigéan Digiteach i mí an Mheithimh. Ag ócáid na hAigéaneolaíochta, bhí puball ag Foras na Mara chun cuid de na heagraíochtaí teicneolaíochta mhuirí is nuálaí a chur chun cinn. Bhí an chomhdháil ar an Aigéan Digiteach ar siúl i nGaillimh le linn Fhéile na Mara (SeaFest) 2016. Ba é Foras na Mara a d'eagraigh an ócáid; An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; IDA; Fiontraíocht Éireann; Fondúireacht Eolaíochta Éireann; Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI); Oifig Forbartha Muirí na hÉireann agus SmartBay Ireland.

Chuir an chomhdháil an deis ar aigéan digiteach na hÉireann chun cinn trí bhéim a leagan ar chomhlachtaí teicneolaíochta agus ar an gcaoi a bhféadfaidís foirmeacha nua nuálaíochta a spreagadh sa gheilleagar gorm, ag baint úsáid as Éirinn mar thúsphointe mar gheall ar na hacmhainní muirí atá aici, an saineolas den scoth agus an infreastreachtúir. Bhí léargas ó chomhlachtaí san earnáil teicneolaíochta

ann freisin a thaispeáin an saineolas agus an t-infreastruchtúr náisiúnta atá ag tacú araon leis an gcáil mhéadaitheach atá ar Éirinn anois mar áit mhaith le gnó a dhéanamh inti.

Seoladh Fhaireachlann Fhómhuirí SmartBay i gCuan na Gaillimhe le linn na bliana freisin. Bainfear úsáid as an bhfaireachlann, arna tacú ag Foras na Mara, SEAI agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun sonraí luachmhara a bhailiú ón aigéan agus beidh sí rithábhachtach i gcruithú infreastruchtúir mhuirí den scoth in Éirinn.

Ba chuid an-tábhachtach d'obair an Ardchláir Náisiúnta Teicneolaíochta Muirí tacaíocht a thabhairt d'obair gníomhaíochtaí forbartha na hÉireann atá ag obair sa réimse mhuirí. Thacaigh an clár le misean trádála IDA go dtí an Ríocht Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna Sheol Enterprise Ireland Lionra na dTionscal Muirí, tionscnamh a bhfuil tábhacht straitéiseach leis ó thaobh Éire a chur chun tosaigh sa nuálaíocht mhuirí trí chomhoibriú agus deiseanna trasearnála a uasmhéadú.

Gníomh Comhordaithe agus Tacaíochta Chomghuaillíocht Taighde an Aigéin Atlantaigh

Rinneadh trí thraschrios suirbhé Atlantaigh AORA eile, rud a léiríonn uair amháin eile an tiomantas atá ann do Ráiteas na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus do Chomghuaillíocht Taighde an Aigéin Atlantaigh a tháinig ina dhiaidh sin idir an tAontas Eorpach, Ceanada agus na Stáit Aontaithe. D'fhág Árthach Taighde Ifremer na Fraince. *Atlantean* calafort ag deireadh mhí Eanáir agus mhapáil sé gar do Dhroim an Atlantaigh Láir ón ndeisceart go dtí an tuaisceart sa chrios 26N go dtí teorainneacha Chrios Eacnamaíoch Eisiach na Portaingéile ó dheas ó na hAsóir. I mí na Bealtaine, sheol an t-árthach taighde RV Éireannach an *Celtic Explorer* traschrios parailéalach mar a seoladh in 2015 ó St John's, Talamh an Éisc, Ceanada go Gaillimh, Éire. Faoi dheireadh, ghlac árthach an Gharda Cósta Cheanada, CCGS, *Louis S. St-Laurent*, leis an tríú suirbhé, ar líne a bhí parailéalach leis an gceann a tógadh ar thraschrios na bliana seo caite ó Halifax, Nova Scotia go Tromo, an Iorua. D'eagraigh Rúnaíocht an AORA-CSA blaganna ar na gníomhaíochtaí seo agus thug sí tacaíocht dóibh.

I mí an Mhárta, ghlac Rúnaíocht an AORA-CSA i ndeiseanna suntasacha líonraithe le linn cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig in Washington D.C. Tionóladh cruinnithe idir an AORA-CSA, AE agus NOAA, NASA, Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta SAM, Ceannairí Gnó SAM, Cuibhreannas Cheannaireacht Aigéan SAM agus Toscaireacht an AE go dtí SAM.

Bhuaíl an AORA-CSA agus na Tionscadail Litearthachta Aigéin H2020 (ResponSEable agus Sea Change) le chéile san Aithin, an Ghréig i mí na Bealtaine agus thosaigh ar gníomhaíochtaí idir na tionscadail a chomhordú. Tugadh cuireadh don AORA-CSA cur i láthair a dhéanamh ag comhdháil réigiúnach PLOCAN in Gran Canaria na Spáinne ar Bhreathnóireacht Aigéin agus Braiteoirí: Sineirge le tionscail fuinnimh.

Bhí cruinniú ag an gCoiste Trithaobhach um Fheidhmiú Ráiteas na Gaillimhe sa Bhruiséal ar an 13 Meitheamh - arís le rannpháirtíocht Cheanada, na hEorpa, na Stát Aontaithe chomh maith leis an Afraic Theas, an Bhrasaíl agus Aigéin JPI. Ag deireadh mhí an Mheithimh, bhuaíl an Grúpa Oibre Idirnáisiúnta le haghaidh Mhapáil Ghrinneall an Atlantaigh (ASMIWG) le chéile ag Institiúid na Mara, Gaillimh, agus bhain siad úsáid as na tacaíochtaí ar fad a bhí á dtairiscint ag

na Gníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta. Ba i nGaillimh a tionóladh an dara cruinniú boird de chuid an AORA-CSA, ar tháinig ceardlann scoipe ar Shoghluaisteacht Thaighdeoirí an Atlantaigh ina dhiaidh.

Rinneadh an-chuid tuairiscithe i rith 2016, rud atá suntasach, agus cuireadh na tuarascálacha teicniúla agus airgeadais 18 mí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena linn, chomh maith le tuarascálacha ceardlanna agus fardail ar gníomhaíochtaí taighde trasatlantach i réimsí tosaíochta taighde an AORA.

I mí Dheireadh Fómhair, réachtáil an AORA-CSA seisiún speisialta ar Léirstean Uiscshaothraithe ag comhdháil Chumann Eorpach na nOideoirí Muireolaíochta (EMSEA2016) i mBéal Feirste. D'eagraigh an Gníomh Comhordaithe agus Tacaíochta ceardlann a dhírigh ar chomhrochtain i leith infreastruchtúir taighde mara i gcomhpháirt le Cruinniú Idirnáisiúnta na nOibritheoirí Long in Anacapri na hIodáile i mí Dheireadh Fómhair freisin.

I mí na Samhna, thacaigh an AORA-CSA le rannpháirtíocht phobal an Atlantaigh ar bhonn níos leithne ag Fóram Taighde Idirnáisiúnta na nOibritheoirí Long san Iodáil, agus chuir siad a gcuid taighde i láthair na ceardlainne AtlantOS ar straitéisí, modhanna agus teicneolaíochtaí nua le haghaidh córas breathnóireachta *in-situ*, ar chóras marthanach, comhtháite agus féinriartha é, d'Aigéan an Atlantaigh in Gran Canaria na Spáinne. Tugadh tacaíocht mhaith do chruinniú an Ghrúpa Oibre Idirnáisiúnta um Mhapáil Ghrinneall an Atlantaigh a reáchtáladh in Rostock-Warnemunde na Gearmáine, chomh maith leis an gcomhdháil Hydro2016. Miníodh don ghrúpa oibre ag an gcruinniú seo fionnachtana cheardlann an AORA-CSA maidir le comhrochtain ar infreastruchtúr taighde mara.



Ghnóthaigh tionscadal, Comghuaillíocht Taighde don Aigéan Gníomh Comhordaithe agus Tacaíochta (AORA-CSA), arna stiúradh ag Foras na Mara, an chéad Dámhachtain do Thionscadal Atlantaigh le haghaidh Comhoibriú Idirnáisiúnta ag Comhdháil Gheallsealbhoirí an Atlantaigh ag ionad comhdhála Pháirc an Chrócaigh i Meán Fómhair 2016. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá an Dr Peter Heffernan, Príomhfheidhmeannach Foras na Mara agus Comhordaitheoirí Gníomh AORA-CSA; an Dr Margaret Rae, Stiúrthóir Gníomh AORA-CSA; Karmenu Vella, an Coimisinéir Comhshaoil, Gnóthaí Muirí agus Iascach; agus Dr John Killeen, Cathaoirleach Foras na Mara.

Riarachán Ginearálta

An Coiste um Iniúcháireacht & Riosca »

Ballraíocht

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016, áiríodh ar an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca (ARC) baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird, agus is iad sin: Patricia Barker, David Owens, Donal Kelly agus Dermot Clohessey. Ceapadh an bheirt Donal Kelly* agus Dermot Clohessey* ina mball den ARC i mí Iúil 2016.

Cruinnithe

Tionóladh cúig chruinniú i rith na bliana agus is iad seo a leanas na Stiúrtóirí a bhí i láthair

Dáta	Patricia Barker	Dermot Clohessey	Donal Kelly	David Owens
an 1 Márta	✓			✓
an 26 Aibreán	✓			✓
an 20 Meán Fómhair	✓	✓	✓	✓
an 8 Samhain 2011	✓	✓	✓	✓
6 Nollaig	✓	✓		✓

Cé go bhfuil dualgas ar gach stiúrtóir gníomhú ar mhaithe leis an gcuideachta, tá ról ar leith ag an gCoiste Iniúcháireachta. Gníomhaíonn an Coiste go neamhspleách ón bhfeidhmeannas, lena chinntiú go bhfuil leasanna na bpáirtithe leasmhara á gcosaint mar is cóir maidir le maoirseacht tuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach, bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach.

Is é an ról atá ag an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca an Bord a fheighil agus comhairle a chur ar na baill agus ar an bPríomhfheidhmiúcháin ar chúrsaí lena mbaineann:

- Rioscaí airgeadais, oibríochta agus rialaithe, lena n-áirítear bainistíú riosca foriomlán
- Éifeachtúlacht na rialaitheoirí inmheánacha agus bainistíú riosca
- Éifeachtúlacht feidhm iniúchta inmheánaigh
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Dóthanacht nósanna imeachta rialaithe, agus
- Cúrsaí maidir le luach ar airgead.

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar Choistí um Iniúcháireacht agus Riosca (ARCs) an tIniúcháir Seachtrach a cheapadh, monatóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre agus glacadh le tuarascálacha uaidh, go ginearálta, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar Fhoras na Mara. Áiríodh ar na príomhdhualgais a bhí ag an ARC cruinniú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon uair amháin chomh maith le maoirseacht

a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an Iniúcháir Seachtrach. Mar sin, níor phléigh ARC cineál agus scóip an iniúchta a bhfuiltear le tabhairt fúthu leis an iniúcháir seachtrach, ach chas siad leis an iniúcháir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar a thorthaí agus ar thoradh an iniúchta, mar aon lena mholtaí a chuimsítear sa Litr Bhainistíochta. Rinne an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais a d'ullmhaigh an Comhlacht freisin.

Áiríodh leo seo na réimsí ar cheart díriú orthu le linn 2016

Anuas ar an obair a cuireadh i gcrích a bhain leis na ról thuasluaite, dhírigh an ARC ar na réimsí seo a leanas le linn 2016:

- D'oibríomar leis an bhFeidhmiúcháin agus lena gcomhairleoirí chun an Comhlacht a chur ar aghaidh chuig ráitis airgeadais arna n-ullmhú faoi FRS102;
- Choimeád an Coiste éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha agus bhainistíochta riosca na Cuideachta faoi athbhreithniú.
- Rinneamar monatóireacht ar an gCóras Bainistíú Riosca agus ar ghluaiseachtaí rioscaí ar an gclár. D'oibríomar leis an mbainistíocht d'fhonn an Plean Leanúnachais Ghnó a chur le chéile ar an gcaoi sin;
- Labhraíomar leis an iniúcháir inmheánach chun plé a dhéanamh ar an gclár oibre agus ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus rinneamar an mhúinín ag bhí againn i gconclúidí an iniúchóra inmheánaigh a mheas;
- D'oibríomar leis an bhFeidhmiúcháin, le comhoibriú ón nGníomhaireacht um Sholáthar Rialtais, chun seirbhísí Mazars mar Iniúcháirí Inmheánacha a fháil thar thréimhse trí bliana;
- Rinneamar monatóireacht ar ghlacadh agus ar chur i bhfeidhm mholtaí na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha
- Rinneamar teagmháil leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le dearbhú a thabhairt dúinn féin i dtaca leis na breithiúnais chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais;
- Rinneamar maoirseacht ar Bheartas nua na Nochtuithe Cosanta;
- Rinneamar maoirseacht ar an mBeartas nua Eitice
- Chaitheamar an-chuid ama ag cioradh na nósanna imeachta agus na mbeartas ar Chibearshlándaíl;
- Rinneamar athbhreithniú ar an gCód chun Comhlachtaí Stáit a rialú 2016 agus ar an treoraíocht thacaíocht lena mbaineann an ARC agus rinneamar ar dTearmaí Tagartha a athmheas dá réir.

Athbheithniú Éifeachtúlachta

I rith na bliana, rinneamar Athbheithniú Éifeachtúlachta ar ár gcuid oibre féin agus chuireamar tuarascáil ár dtorthaí faoi bhráid an Bhoird, ar thorthaí sásúla iad den chuid ba mhó. Thángthas ar chomhaontú le faomhadh ón mBord go ndéanfaí athbheithniú neamhspleách in 2017.

Téarmaí Tagartha

Tá an Bord tar éis Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a fhaomhadh agus déantar athbheithniú orthu ar bhonn bliantúil agus leasaítear iad de réir mar is cuí.

Coinbhleachtaí leasa

Ag gach ceann de chruinnithe an ARC, tuigtear go bhféadfaí coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn i leith a chlár agus má thagann, déileáiltear leo de réir bheartas an Bhoird.

Ní mheasann an Coiste Iniúcháireachta, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar gach caidreamh idir an Institiúid agus an gnóthas iniúchta inmheánaigh, go mbaineann an caidreamh sin de bhreithiúnas ná de neamhspleáchas an iniúcháora

Idirchaidreamh

Cuimsíonn clár Fhoras na Mara réimse leathan gníomhaíochtaí óna dteastaíonn idirchaidreamh agus comhoibriú dlúth le go leor daoine agus eagraíochtaí. Áirítear orthu siúd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais, an Roinn Comshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar aon le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, fiontar priobháideach agus earnáil an ardoideachais. Tugann an Foras aitheantas do thacaíocht agus do chomhoibriú leanúnach gach dreama lena mbaineann.

Sláinte agus Sábháilteacht

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989), thug Foras na Mara gach Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta cothrom le dáta. Leanann an Foras de na bearta cuí a chur i bhfeidhm le sábháilteacht agus sláinte gach fostaí agus cuairteora ar a n-áitreabh a chosaint.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí

Soláthraíonn gach duine ag a bhfuil post ainmnithe i bhForas na Mara ráiteas leasa don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí de réir ailt 18 agus 20 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Comhionannas Fostaíochta

Tá Foras na Mara tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna, agus glacann siad cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais. Tá scéimeanna i bhfeidhm ag an bhForas a thugann deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós comhroinnt post, saoire staidéir agus clár oideachais.

Cód Cleachtais (Tuairisciú)

Cloíonn Foras na Mara leis na Cóid reachtúla Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit de réir mar atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Dearbhaíonn an Foras gur ghlac na Stiúrthóirí agus na fostaithe leo seo a leanas agus go gcuirtear oiliúint orthu ina leith:

- Cód foirmiúil iompair um choinbhleacht leasa agus cairt chustaiméirí
- Coistí Iniúchta Cuibhunnaithe
- Nósanna imeachta um sholáthar
- Saincheisteanna Íogaire

Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh i measc Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí (I.R. Uimh. 542 de 2009) 542 de 2009

Is iad na tomhaltóirí fuinnimh príomha atá ag Foras na Mara an ceanncheathrú in Órán Mór agus áirítear taighde RV an *Celtic Explorer* agus an *Celtic Voyager*. Mar gheall ar an mbeartas úsáid íoslachdaithe breosla a oibríonn na háirte taighde, níl aon deiseanna breise ann maidir le fuinneamh a íoslaghdú.

Shaothraigh an Foras Beartas agus Straitéis chun Fuinneamh a Laghdú in 2016 ina bhfuil béim ar athruithe iompraíochta laistigh den eagraíocht agus ar úsáid fhuinnimh ar bhonn laethúil.

Tá an fhoireann fhuinnimh Get Greener tar éis ceithre cinn déag de chuspóirí i leith úsáid fhuinnimh a laghdú a leagan síos agus díreofar orthu le linn fhad na straitéise ceithre bliana.

In 2016, d'úsáid Foras na Mara:

- » 2,578,856 kWh de leictreachas
- » 14,600 lítear de Cheirisín
- » 290,839 lítear de ghás bulc própáin le haghaidh an téimh
- » 7,920 lítear de dhíosal bóthair
- » 2,265,285 lítear d'ola gháis Mhara le haghaidh suirbhéanna taighde a bhí maoinithe ag Foras na Mara

D'éirigh leis an bhForas laghdú suntasach a ghnóthú (thart ar 30%) ar an méid gáis própáin a úsáideadh a ó 2015-16 trí shocruithe difriúla a chur ar threalamh agus ar ghléasraí meicniúla in Órán Mór. Tháinig laghdú ar shocruithe téimh agus ar shocruithe coire gan dul i bhfeidhm ar oibríochtaí laethúla na monarchan. Tháinig laghdú ar an gceirisín chomh maith a bhui le cleachtais oibríochta nua a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh téamh oifigí i Saoráid Bhaile Uí Fhiacháin.

Tugadh faoi deara go ndeachaigh gás-ola an Fhorais i méid idir 2015-2016 mar gheall ar na laethanta suirbhé breise agus na muirmhílte breise a rinneadh. Mar sin féin, is léir go bhfuil laghdú tagtha ar an méid fuinnimh a úsáidtear san iomlán trí athruithe iomadúla oibríochta a chur i bhfeidhm mar atá thuasluaite. Féachann lucht na saotharlanna le feabhsaithe a dhéanamh i gcónaí agus cuireadh isteach soilsiú LED le haghaidh goradán siúl isteach in áit amháin.

Áirítear ar na pleananna leanúnacha chun éifeachtúlacht sna saotharlanna a fheabhsú amanna oibríochta Fumehood a laghdú agus córas aeraithe difriúil le haghaidh na stóras ceimice.

Nuashonrú ar Scéim Gaeilge 2016.

Bunaíodh an Grúpa Gaeilge chun Scéim Gaeilge/Scéim Fhoras na Mara a ullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chuaigh an chéad tréimhse den scéim Gaeilge in éag in 2012 agus rinne an Grúpa Gaeilge maoirsiú ar ullmhú agus ar fhorbairt chéim a dó den scéim in 2012 agus 2013. Cuireadh é sin faoi bhráid oifig an Choimisinéara Teanga i mí na Samhna 2013. Dhearbhaigh an tAire an scéim nuashonraithe agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón 6 Deireadh Fómhair 6 ar aghaidh. Cuireann an dara tréimhse den scéim leis na hiarrachtaí móra a rinneadh chun na ceanglais faoin Acht a chur i bhfeidhm agus a tugadh isteach faoin gcéad tréimhse tar éis réimsí a aithint inar theastaigh feabhas ar na seirbhísí Gaeilge a bhí á soláthar ag an bhForas.

Rinne Coimisinéirí na Gaeilge monatóireacht ar chéad bhliain dara tréimhse na scéime idir mí na Nollag 2015 agus Aibreán 2016 a raibh athbheithníú ar chur i bhfeidhm na scéime in 2015 agus cuairt na gCoimisinéirí ar Fhoras na Mara in Órán Mór ina dhiaidh mar chuid de. Ba é tuairim na gCoimisinéirí ar an bpróiseas go dtí seo ná go raibh an scéim á cur chun feidhme go sásúil agus sholáthraigh siad sraith moltaí. Tá plé tar éis a bheith ann ar chur i bhfeidhm na moltaí seo ag cruinniú de chuid an Ghrúpa Gaeilge ina dhiaidh sin.

Coinneofar an tiomantas sa dara tréimhse chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar an méid éilimh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go leanann Foras na Mara ag comhlíonadh an éilimh sin ar bhealach pleanáilte, comhsheasmhach agus inrochtana. Leanann Foras na Mara ag tomhas an mhéid éilimh atá ar a sheirbhísí i nGaeilge trí iniúchtaí rialta a dhéanamh trí chóras comhairimh/tomhais do líon na bhfiosruithe/n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse faoi leith. Mar sin féin, d'fhonn iarratais ar sheirbhísí a chruthú, déanann Foras na Mara na seirbhísí a sholáthraíonn an Foras trí Ghaeilge a chur i scríbhinn agus cuireann sé feasacht ar na seirbhísí céanna chun cinn i measc na foirne agus na gcliant.



D'óstáil foireann Get Green Fhoras na Mara trí cinn de laethanta feasachta fuinnimh chun go bhfoghlaimedh an fhoireann níos mó maidir le fuinneamh a shábháil ag an obair agus sa bhaile. Tharla sé seo deireanach i mí Mheán Fómhair agus luath i mí Dheireadh Fómhair 2016. Grianghraf Andrea Woods

AGUISÍN 1:

CLÁR TAIGHDE MARA 2014 - 2020 TIONSCADAIL TAIGHDE MHAOINITHE IN 2016

TIONSCADAIL TAIGHDE MHAOINITHE IN 2015

CLÁR TAIGHDE MARA 2014-2020 - CLÁR ÁRTHACH TAIGHDE 2015

Beart Taighde	Clár Taighde	An t Cineál Tionscadail	Uimh. Thag. an Tionscadail	Teideal an Tionscadail	Deontai/ Ceann	Deontas Iomlán i gCabhair
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16007/ CV16013/ CV16016	NMCI Taithí agus Oiliúint ar bord loinge	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16003/ CV16042	Coimin SMART Creidiúnaithe Modúl Foghlama (Earrach agus Geimhreadh 2016)	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€152,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16002	SMART MaREI FUIÑNEAMH AIGÉIN 2016	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€16,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16046	SMART Science at Sea 2016: Oiliúint Ildisciplíneach Long-Bhunaithe do Mhic Léinn Eolaíochtaí a Bhaineann le Cúrsaí Muirí	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16009	Oiliúint Loinge d'Fho-Chéimithe sna Modhanna Taighde Aigéineolaíochta, Mórfhána Beantach agus Iascach	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€72,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16040	Oiliúint MSc i mBitheolaíocht Mhuiri 2016	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€24,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16038	Oiliúint Chuan na Gaillimhe d'iarchéimithe	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16005	SMART SEMRU OÉ Gaillimh 2016	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€8,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16017	Bailiúchán Feidhmeach Sonraí agus Samplála Muirbhitheolaíochta SMART	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16033	Clár Scoláirí Aeráid Aigéan an Atlantaigh SMART AWI-POGO	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16012	Foghlaim Modúil Choitinn SMART AIT MECI 2016	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16004/ CV16011	SMART COC Taiscéaladh Geolaíochta amach ón gCosta (Cuan Chorcaí)	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Clár Oiliúna Tiomanta	CV16039	Pleanáil disciplíneach Suirbhé - Cleachtadh Foghlama Piarchuidithe faoi Stiúir Mac Léinn Iarchéime agus Mac Léinn i mBliain Deiridh na Céime	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€72,000

Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Cúrsai Beartais	CE16002	Codanna faoi Aeráid Aigéan agus Geolaíocht: Limistéir Porcupine Agus Rocal	Foras na Mara	€162,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Cúrsai Beartais	CE16003	Suirbhé Uibhe Ronnaigh SC03	Foras na Mara	€151,200
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Cúrsai Beartais	CE16001/ CE16004	Suirbhé Tráil Láimhneach agus Méigrim Scoilteáin	Foras na Mara	€302,400
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Cúrsai Beartais	CE16009	Suirbhé Torciasc	Foras na Mara	€151,200
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Taighde Comhtháite	CE16007	Breisluach Trasatlantach	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€234,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Taighde Comhtháite	CE16006	Seirbhísí Éiceachórais Cainneoin Fhomhuirí	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€490,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Taighde Comhtháite	CE16010	NISS: Scairbh oighrithe de chuid chlúid oighir Thalamh an Éisc	Ollscoil Uladh	€54,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Taighde Comhtháite	N/B	Fuinneamh In-athnuaite Mhuirí na hÉireann Fochórais idirghabhála an ROV a thástáil	Ollscoil Luimnigh	€28,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé ar Bheartas Tacaíochta	CV16008	Suirbhé Comhshaoil Gheimhridh ar Uisce Cósta na hÉireann 2016	Foras na Mara	€104,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé ar Bheartas Tacaíochta	CV16029	AZBO Bitheolaíocht Aigéaneolaíochta Azadinium	Foras na Mara	€72,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé ar Bheartas Tacaíochta	CV16014/ CV16019	Suirbhé ar Dhoingean Mara	Foras na Mara	€56,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Taighde Comhtháite	CV16025	DINO16 (Blás Algach Diobhálach Dinophysis)	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€88,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Comhtháite Taighde	CV16034	GATEWAYS III: Struchtúr inmheánach dhromanna an bhainc Porcupine	National University of Ireland, Maynooth	€80,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Comhtháite	CV16035	Suirbhé bith-gheoicimiceach	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€64,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Comhtháite Taighde	CV16023	Cógais mhara ó ghrinneall farraige na hÉireann	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€88,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Taighde Comhtháite Suirbhé	CV16036/ CE16015	Suirbhé Stratagrafach Seismeach ar Fho-ghrinnill Éadomhain	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€120,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Suirbhé Comhtháite Taighde	CV16001/ CV16030	Lionra OBS Rocal	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	€128,000
Tacaíocht Bonneagair	Árthach Taighde Am-Loinge	Taighde Comhtháite Suirbhé	CV16041	Bunús núiosach le haghaidh Gaoth Fholuana ón Talamh	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€40,000
IOMLÁN						€2,996,800

AGÚISÍN 2:

CLÁR TAIGHDE MARA 2014 - 2020 CLÁIR TAIGHDE MAOINITHE 2016

Beart Taighde	Clár Taighde	An Cineál Tionscadail	Uimh. Thag. an Tionscadail	Teideal an Tionscadail	Deontai / Cean	Deontas Iomlán i gCabhair
Cúrsaí Beartais	Comhshaol na Mara	Comhaltacht larchéime chistithe	CF/16/01	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): Éilleáin i measc uibheacha éan mara mar tháscaire léibhéil trófach níos airde d'éilleáin in uisce mara na hÉireann	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€73,500
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Comhaltacht larchéime chistithe	CF/16/03	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): Straitéis chun láimhínigh a bhainistiú	Institiúid Teicneolaíochta Na Gaillimhe-Muigheo	€72,000
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Comhaltacht larchéime chistithe	CF/16/04	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): Samhaltú Aigéaneolaíochta ar líon na gcloicheán timpeall na hÉireann	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€72,000
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Comhaltacht larchéime chistithe	CF/16/05	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): Táscairi dáileacháin a fhorbairt chun tacú leis an MSFD	Institiúid Teicneolaíochta Na Gaillimhe-Muigheo	€72,000
Tionscal	Acmhainní lascaigh	larchéime	CF/16/08	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): An gréasáin bia i Muir Éireann a shamhaltú i gcomhthéacs stoc éisc tráchtála atá laghdaithe go mór.	Cumann Eolaíochta Muiro na hAlban	€72,000
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Comhaltacht larchéime chistithe	CF/16/09	Comhaltacht Uí Chuilinn (PhD): Struchtúr phobal an ghliomaigh (Homarus gammarus) in Uisce na hÉireann	Ollscoil na Banriona	€72,000
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Gradam á mhaoiniú ag an bpríomh-imscrúdaitheoir	RESPI/FS/16/01	Géineolaíocht líon na n-iasc	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	*€500,000
Cúrsaí Beartais	Beartas, Gnéithe Socheacnamíochta agus an Dlí	Gradam Tionscadal-bhunaithe	PBA/SE/16/01	Dinimic Eacnamaíocht Aigéin na hÉireann a mheas agus a thuiscint	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€523,012
Cúrsaí Beartais	Comhshaol na Mara	Gradam Tionscadal-Bhunaithe	PBA/ME/16/01	Aigéadú Aigéin agus Bithegheiceimic: inathraitheacht, treochnaí agus leochaileacht	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€649,983
Fionnachtain	Bithfhionnachtain/Biteicneolaíocht na Mara	Gradam Tionscadal-Bhunaithe	PBA/MB/16/01	Saotharlann bhithfhionnachtana náisiúnta	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€899,709
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Gradam Tionscadal-Bhunaithe	PBA/FS/16/02	<i>Braisle Thaighde Abhantrach Bhaile Uí Fhiacháin</i> TAR ÉIS 2020 (Gréasán Faireachlainn Éiceachóras Bhuiríos Umhaill 2020)	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	€1,999,996
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Gradam Tionscadal-Bhunaithe	PBA/FS/16/03	<i>Braisle Thaighde Abhantrach Bhaile Uí Fhiacháin</i> : An chartlann a oscailt: ag úsáid croineolaíochtaí otailite chun an tionchar ar an aeráid a réiteach	Institiúid Teicneolaíochta Na Gaillimhe-Muigheo	€576,241
Fionnachtain	Bithfhionnachtain/Biteicneolaíocht na Mara	imscrúdaitheoirí an SFI Clár (faoi bhainistiú an SFI)	15/IA/3100	Acmhainní géiniteacha domhainfharraige a shaothrú agus a chaomhnú	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€970,075
Tionscal	Acmhainní lascaigh	Clár Imscrúdaitheoirí an SFI (á bhainistiú ag an SFI)	15/IA/3028 MI (N)	Idirghníomhaíochtaí feirmeacha gaoithe i ndomhan atá ag athrú: modheolaíocht réamh-mheastach a fhoirmiú ar mhaithe le eolas a thabhairt faoi dhea-chleachtas comhshaoil chun modheolaíocht réamh-mheastach a chinntiú agus eolas a thabhairt faoi dhea-chleachtas comhshaoil chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach líonta iasc feirme agus fiáinr fud an domhain a chinntiú	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€854,793

Tacú le Nuálaíocht	Nuálaíocht	Lionrú Taisteal Deontais	NT/16/01 to NT/16/110	Freastail ar Chomhdhálacha, Ceardlanna nó Imeachta Mara nó iad a óstáil	Ilchineálach	€69,508
Le deimhniú	Le deimhniú	Tógáil Cumais (Clár na hÉireann/SAM)	2017/18 (arna bhainistiú ag an gCoimisiún Fulbright)	Comhaltacht(i) Fulbright Fhoras na Mara	Le deimhniú	€22,000
Cúrsaí Beartais	Beartas, Gnéithe Socheacnamaíoch agus an Dlí	Gradam Tionscadal-Bhunaithe	N/B	Nuálaíocht san Eacnamaíocht Aigéin a chothú	ECFE	€20,000
Cúrsaí Beartais	Litearthacht Aigéin	Deontas Feasachta Aigéin	OA/16/01	John Philip Holland Clár faisnéise, aistriúchán Béarla	Dearcán Media	€10,000
Cúrsaí Beartais	Litearthacht Aigéin	Deontas Feasachta Aigéin	OA/16/02	An clár faisnéise "Atlantic" a thabhairt go dtí an seomra ranga	Scannáin Inbhear Teoranta	€10,000
Cúrsaí Beartais	Litearthacht Aigéin	Deontas Feasachta Aigéin	OA/16/03	Beochan Oceans of Life	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€5,000
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16002	Treoluas an cholúin uisce a imscrúdú ag úsáid tomhais fuaime éighníomhach (PassVel)	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	€24,940
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16003	Bithshalú agus bith-throchlú ar leaistiméirí feistiú a thréithriú agus athbreithniú a dhéanamh ar bhunábhair mhalartacha	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	€23,200
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16006	Gluaiseacht éiceolaíocht de shalmainidí Éireannacha: imirce chun farraige, cónaitheacht cois cladaigh agus tirdhreacha fuinnimh.	Ollscoil na Banríona Bhéal Feirste	€25,000
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16007	Fiseáin faoi uisce a thuiscint: imscrúdú a dhéanamh ar aimsiú agus aithint ruda ar ardán ceamara SmartBay	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	€24,433
Tacaíocht Bonneagair	Rochtain Náisiúnta	Saoráid agus tástáil SmartBay	NIAP/16/16008	Íomháu beoshruith a shuiteáil in-situ gur féidir a rialú le SONAR trí thairseach gréasáin	Ollscoil Luimnigh	€25,000
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16009	Roghanna chun lorg oibre nód i bhfaireachlann chábhlaí domhainfharraige a fhairsingiú.	Ollscoil Luimnigh	€17,350
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16010	Paraiméadar toinne a mheas ó bhrúchomhartha cholún uisce atá ag ascalú.	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	€25,000
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16011	Cumhacht an Bhaoi	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€24,500
Tacaíocht Bonneagair	An Clár Náisiúnta le haghaidh Rochtain ar Bhonneagar	Saoráid thaispeána agus thástála SmartBay	NIAP/16/16012	Baoi de chuid JFC Marine mar bhaoi braiteora sonraí don chomhshaoil agus mar óstach le haghaidh braiteoir toinne treoch de chuid Sea View Systems	Institiúid Teicneolaíochta Na Gaillimhe-Muigheo	€19,898
IOMLÁN						€7,753,138

*Léiríonn sé seo sciar Fhoras na Mara don tionscadal, atá á chómhaoiniú i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

#Léiríonn sé seo sciar Fhoras na Mara don tionscadal, atá á chómhaoiniú i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann.

AGUISÍN 3:

RANNPHÁIRTÍOCHT NA HÉIREANN I NGAIRMEACHA FHÁS GORM FÍS 2020 AN AE AGUS I NGLAONNA GAOLMHARA

Tugann Foras na Mara tacaíocht do thaighdeoirí agus d'fhiontair bheaga agus Meánmheide na hÉireann páirt a ghlacadh i gcláir iomaíocha éagsúla atá maoinithe ag an AE, go háirithe Fis 2020. Is é John Evans teachta náisiúnta na hInstitiúide chuig Coiste Chlár Fis 2020 um an Dúshlán Sochaíoch maidir le 'Slándáil Bhia, Talmhaíocht agus Foraoiseacht Inbhuanaithe agus taighde Mara, Muirí agus Uisce Intire, agus an Bithghéilleagar' Dúshlán Sochaíoch 2 (SC2) Is í an Dr Fiona Grant an Pointe Teagmhála Náisiúnta maidir leis an dúshlán sochaíoch sin agus oibríonn sí i gcomhar le Pointí Teagmhála Náisiúnta eile i gcláir eile chun rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár a uasmhéadú mar chuid de ghréasán Pointe Teagmhála na hÉireann. Áirítear san SC2 réimse na topaice Fás Gorm atá tiomanta do thopaicí mara, agus freisin do Shlándáil Bhia Inbhuanaithe, an Bhith-Eacnamaíocht Nuálach, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach agus réimse topaicí lonstraimne FBManna.

D'éirigh go maith le hÉire i dtorthaí na nglanna sin a seoladh in 2016 i ndáil le SC2. Tá achoimre ar fheidhmíocht na hÉireann thíos. Maidir le Fás Gorm, d'éirigh go maith le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus Aqua TT i dtopaic fíoriomaíoch ar bhithscaglanna algaí -GENIALG (buiséad náisiúnta iomlán €1,027,172.50) Is comhpháirtí é Ollscoil na hÉireann, Má Nuad chomh maith in INTAROS, an tionscadal comhtháite ar Chóras Breathnóireachta an Artaigh (luach €88,339) Léiríonn an tábla go ndáilfead ról catalaíoch Fhoras na Mara ó thaobh taighde mara na hÉireann trí pháirt a ghlacadh i gcomh-mhaoiniú na dteicneolaíochtaí mara MarTera go dtí comhpháirtithe Éireannacha chomh maith le ranníocaíocht náisiúnta ainmniúil €1m. Maidir le Slándáil Bhia Inbhuanaithe, is tríú páirtí é Aqua TT ar an tionscadal EURASTIP ag féachaint ar chomhoibriú leis an Áise Thoir Theas i réimse an uiscshaothraithe (luach €126,248). Ní raibh aon tionscadail FBM maidir le Fás Gorm bronnta le haghaidh Céim 1 nó Céim 2 in 2016.

	Buiséad Coinnithe 2016	IE € 2016	IE % 2016	MI € 2016	MI % 2016
Fás Gorm - Gach Topaic Mara	73,798,929	1,587,457	2.2%	471,946	29.7%
Inbhuan. Slándáil Bhia - 1 Topaic Mhara	31,615,171	126,248	0.4%	0	0.0%
2016 FEIDHMÍOCHT NA HÉIREANN	105,414,100	1,713,705	1.63%	471,946	0.45%

Cé go bhfuil an ráta rathúil i dtopaicí maidir le Fás Gorm 2.2 faoin gcéad níos lú i mbliana (ní raibh na topaicí ró-oiriúnach do shaineolas mara na hÉireann), fós féin is léir ó dhúshláin shochoíoch agus ó na colúin H2020 go bhfuil roinnt torthaí an-láidir ann i réimse na mara. San iomlán, bunaithe ar an dáta atá ar fáil faoi láthair, bronnadh €6,661,468 ar thaighdeoirí agus comhlachtaí Éireannacha in 2016 mar chuid de chúnamh deontais an Aontais Eorpaigh. Lean Foras na Mara ar aghaidh leis an rath a bhí air mar ghníomhaí taighde ina cheart féin i dtionscadail EMSO-Link (€357,055); SeaDataCloud (€119,375) agus OpenGovIntelligence (€117,362) le hiocaíochtaí €1,065,738 san iomlán in 2016 (lena n-áirítear leithdháileadh an MarTera). D'éirigh go han-mhaith le lárionad MaREI i gCorcaigh, atá á mhaoiniú ag an SFI, i dtionscadail bhonneagair straitéiseach d'fhuinneamh in-athnuaite mhuirí, eadhon Marinet 2 (€1,622,610) agus Mariner-g-i (€433,062). Is comhpháirtí é GMIT i Máistreacht Idirnáisiúnta in Acmhainní Mara agus Bitheolaíoch (IMBRSea) atá á mhaoiniú ag Erasmus+ D'éirigh le Dare Technology faoi Chéim 1 d'ionstaim FBM (luach €50,000) agus bronnadh gradam mór ar OpenHydro mar chuid de thionscadal piolótach Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta ó thaobh chumas tionsclaíoch thuirbin taoide (luach €1,773,297.40).

Tá sé seo ag teacht leis an treocht a thosaíodh in FP7 agus ar leanadh ar aghaidh leis i dtorthaí H2020 in 2016 nuair a d'éirigh go breá le Foras na Mara agus leis an lucht taighde mara níos leithne in Éirinn.

Faoi láthair is é €26.2m an méid airgid atá ag feidhmíocht chernach na hÉireann i ndáil le topaicí mara i ngach réimse de H2020. Áirítear ar na bhfigiúirí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, tionscadail faoin SC5 (Gníomhú ar son na hAeráide), SC3 (Fuinneamh), SC7 (Sochaithe Slána) agus Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Tionsclaíoch (LEIT) le haghaidh Bonneagair Thaighde Mhuirí.

AGUISÍN 4:

FOILSEACHÁIN FHORAS NA MARA

(Údair de chuid Fhoras na Mara iad na húdair sin a bhfuil a n-ainmneacha i gcló trom)

TUARASCÁLACHA SPEISIALTA

Cuireann obair an iniúcháir inmheánaigh, an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanamh maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh d'Fhoras na Mara atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, eolas ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain 2016.

Thar ceann an Bhoird:



An Dr John Killeen
Cathaoirleach

23rd June 2017


Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

	Nóta	2016 €'000	2015 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	2	29,775	25,995
Deontais Eile Stáit	3	5,329	5,932
Ioncam an AE agus Eile	4	4,519	5,104
Glanchistiú larchurtha le haghaidh Sochair Scoir	17	2,970	3,078
		42,593	40,109
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	5	11,725	10,721
Costais Sochar Scoir	17	2,863	2,998
Costais Oibríochta Árthaigh	6	7,556	7,265
Costais Taistil	7	1,115	1,068
Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtraí	8	9,375	8,114
Costais Saoráidí	9	2,010	1,892
TF, Guthán agus Cumarsáid		1,315	932
Costais Saotharlainne agus Allamuigh		1,044	811
Costais Riaracháin Eile	10	2,624	2,486
Dimheas	14	4,820	4,702
Caiteachas Iomlán		44,447	40,989
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	13	1,882	993
Barrachas don bhliain		28	113
An tIarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir		2,015	1,902
An tIarmhéid a tugadh anonn an 31 Nollaig		2,043	2,015

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.



An Dr John Killeen
Cathaoirleach

23rd June 2017



An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird

20.11.2016

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

		2016	2015
	Nóta	€'000	€'000
Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasú		28	113
Gnóthachain/(Cailteanais) ó Thaitní ar Dhliteanais na Scéime Sochair Scoir	17	1,251	1694
Athruithe ar thiomhdí faoi luach reatha scéime	17	(10,101)	(8,466)
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Sochar Scoir		8,850	6,772
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		28	113

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.



An Dr John Killeen
Cathaoirleach

23rd June 2017



An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird


30. VI. 2017

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2015


		2016	2016	2015	2015
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000
Maoin, Gléasra agus Trealamh Sócmhainní Reatha	14		18,830		20712
Infháiltais	15	5,129		4,451	
Airgead agus coibhéis airgid		892		581	
		6,021		5,032	
Dlíteanais Reatha					
Suimeanna Iníoctha	16	3,978		3017	
Glansócmhainní Reatha			2,043		2,015
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha roimh Shochair Scoir			20,873		22727
Maoiniú Sochar Scoir larchurtha	17	51,870		40050	
Dlíteanais Sochar Scoir	17	(51,870)		(40,050)	
Glansócmhainní Iomlána			20,873		22727
A léiriú:					
Chuntas Caipitil	13	18,830		20,712	
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		2,043		2,015	
			20,873		22,727

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.



An Dr John Killeen
Cathaoirleach

23rd June 2017



An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird

20. VI. 2017

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

	2016 €'000	2015 €'000
Glansreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas don bhliain airgeadais	28	113
Coigeartuithe le haghaidh:		
Dimheas Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe	4,820	4,702
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	(1,882)	(993)
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais	(678)	749
Laghdú/(Méadú) ar Nithe Iníoctha	961	Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisi airgid
Glansreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	3,249	2,956
Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí le haghaidh Maoin, Gléasra agus Trealamh inláimhsithe	(2,938)	(3,709)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(2,938)	(3,709)
(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus ar a Chómhaith	311	(753)
Airgead agus coibhéisi airgid ag tús na bliana airgeadais	581	1334
Airgead agus coibhéisi airgid ag deireadh na bliana airgeadais	892	581

Nótaí leis an Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2015

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na custasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a rinne Foras na Mara a oiriúnú. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin. Rinne an Foras anailís ar a chaiteachas bunaithe ar chineál an chostais seachas i dtaobh bhonn an chláir.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Foras na Mara an 30 Deireadh Fómhair, 1992 i gcomhréir le forálacha an Ahta um Fhoras na Mara, 1991. Tá ceanncheathrú an Fhorais lonnaithe i Rinn Mhíl, Órán Mór, Contae na Gaillimhe H91 R673.

Is iad príomhchuspóirí Fhoras na Mara, faoi mar a leagtar amach iad in alt 4 den Acht “chun taighde agus forbairt mhuirí a ghabháil de láimh, a chur chun cinn agus a chuidiú agus na seirbhísí sin a bhaineann le taighde agus forbairt mhuirí a chur ar fáil ar bhealach, i dtuairim an Fhorais, a chuirfidh forbairt gheilleagrach chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a chosnóidh an timpeallacht mhuirí.”

Aonán Sochair Phoiblí (ASP) is ea Foras na Mara.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhoras na Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

) Airgeadra

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), arb é airgeadra feidhmeach an Fhorais. I gcásanna inar slánaíodh méideanna i leith an mhíle Euro is gaire, tugann an tsiombail €'000 seo le fios.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a fhaomhann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le hAlt 22(1) den Acht um Fhoras na Mara, 1991.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le hearraí a meastar gurb ábhar ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais Fhoras na Mara.

e) Ioncam

Aithnítear ioncam a eascraíonn ó Dheontas an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid, seachas i gcás ioncaim ón Oireachtas maidir le caiteachas an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus lascaigh (an EMFF). Aithnítear seo ar bhonn fabhráithe mar an t-ioncam ón Oireachtas mar gheall go gcistítear an caiteachas díreach gaolmhar i gcaitheamh na bliana i ndiaidh go ndéantar an caiteachas.

Aithnítear ioncam a fhaightear maidir le tionscadail an AE agus tionscadail taighde conartha eile ar bhonn fabhráithe ina n-aithnítear an t-ioncam sa tréimhse chuntasaíochta ina ngearrtar an caiteachas gaolmhar. Caitear le hioncam a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh é laistigh de Shuimeanna Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Caitear le caiteachas a thabhaítear sa chás nach bhfuarthas an t-ioncam gaolmhar mar ioncam fabhráithe agus léirítear é mar Infháltas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

f) Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas

Luaítear Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach, seachas i gcás talún, a thugtar anonn ar a costas. Léirítear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní anuas chuig a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolréanna ionchasacha. Is iad seo a leanas na rátaí atá in úsáid:

Foirgnimh	2%
Daingneáin agus Feistis	25%
Ríomhairí	33%
Árthach Taighde	4%
Trealamh Árthach Taighde	20-25%
Mótarfeithiclí	20%

Déantar athbhreithniú ar luachanna tugtha anonn na sócmhainní inláimhsithe i dtaobh lagú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach tugtha anonn inghnóthaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann i leith lagú ar luach na sócmhainne, aithnítear cailleanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

g) Sócmhainní léasaithe

Aithnítear caiteachas ciosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe ciosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe seo nuair a tabhaíodh iad, sa chás sin. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

h) Cuntas Caipitil

Aithníonn an Foras cistiú a fuarthas ar mhaithe le cuspóirí caipitil faoin tSamhail Fabhráithe a shonraítear in FRS102. Aithnítear an méid a fhaightear san ioncam ar bhonn córasach i gcaitheamh shaolré ionchasach úsáideach na sócmhainne.

i) Airgeadraí Coigríche

Is é an Euro (€) airgeadra feidhmeach agus airgeadra a chuireann an Foras i láthair.

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmeach agus na rátaí spotmhalartaithe á n-úsáid ag dáta na n-idirbheart. Ag deireadh gach bliain airgeadais, aistrítear earraí airgeadaíochta iasachta chuig Euro agus an ráta dúnta á úsáid. Déantar earraí neamhairgeadaíochta a thomhas ar an gcostas stairiúil agus an ráta malartaithe á úsáid ag an dáta an idirbhirt agus tomhaistear earraí neamhairgeadaíochta ar luach cóir agus an ráta malartaithe á úsáid nuair a cinneadh luach cóir.

j) An Clár Taighde Mhuirí

Iontrálann Foras na Mara i ngealltanais maidir le conarthaí a bhronntar le haghaidh tionscadail an Chláir Thaighde Mhuirí. Gearrtar caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shiniú chonradh an tionscadail, féadtar íocaíocht eastramhach a dhéanamh faoi réir feidhmíocht shásúil agus gearrtar íocaíochtaí breise tar éis éilimh a fháil agus ar dheimhniú na n-éileamh siúd maidir le hobair a críochnaíodh. Cistíonn vóta caipitil Fhoras na Mara costais a thabhaíonn an Foras agus tionscadail an Chláir Thaighde Mhuirí á riar agus gearrtar iad ar na ráitis airgeadais faoi mar a thabhaítear iad.

k) Sochair Fostaithe

Sochair gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na n-infháltas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

l) Sochair scoir

Bhunaigh Foras na Mara a scéim pinsin sochair shainithe féin, atá maoinithe go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a thuillir' ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí. Ina theannta sin, oibríonn Foras na Mara an Scéim Pinsin Shingil Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Shingil"), ar scéim í le sochar sainithe do sheirbhísigh inphinsin poiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhalta na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, a aisíoctar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha

ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Fhoras na Mara agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhíonn ar shochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Agus aithnítear sna ráitis airgeadais na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad.

Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiachais amhrasta. Soláthar ar leith is ea an soláthar d'fhiachais amhrasta, agus deimhnítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Foras na Mara in ann na suimeanna go léir a bhailiú atá ag dul dó. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar le haghaidh fiachais amhrasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo, (i) nuair nach dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní nó nach dóchúil gur féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ag dáta an tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneoidh tarlú nó neamhtharlú imeachtaí éiginnte amach anseo nach bhfuil smacht iomlán ag an bhForas orthu, láithreach na ndlíteanas teagmhasach. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais mura bhfuil an dóchúlacht i leith eis-sreabhadh acmhainní iargúlta.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí gilleagracha i gceist.

Páirtithe Gaolmhara

Nochtadh idirbhearta gaolmhara páirtí sna nótaí leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102. Féach nóta 19 chun teacht ar nochtadh na n-idirbheart gaolmhar páirtí i rith 2016.

Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla

Le hullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhir agus

na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

Lagú maoine, gléasra agus trealaimh

=Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta i dtaobh lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim thugtha anonn inghnóthaithe. Aithnítear cailleanas lagaithe don tsuim lena sáraítear suim inghnóthaithe shuim thugtha anonn na sócmhainne. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach is airde atá ar luach cóir sócmhainní lúide an costas a bheadh ar an tsócmhainn a dhíol agus luach na sócmhainne agus í á húsáid. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, grúpáiltear sócmhainní ar na leibhéil is ísle dá bhfuil siad ina sreafaí inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid thirim). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag dáta gach tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

D'athbhreithnigh na Comhaltaí Boird saolréanna na sócmhainní agus luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme de shócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus baineadh an chonclúid amach go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna iarmharacha lena gcinntear na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochtaí costais chúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain. Bunaítear é sin ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
- ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
- iii. rátaí treochtaí costais chúraim sláinte, an ráta maidir le boilsciú costais mhíochaine sna réigiúin iomchuí.

2 Deontais an Oireachtais ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

	2016	2016	2015	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
Cuspóirí Reatha				
Foras na Mara - Vóta 30, Fotheideal A.7	15,354		14,345	
Ioncam ón EMFF (Nóta 15)	4,874		3,576	
Lúide ranniocaíochtaí Aoisliúntais atá in-aisíochtha	(453)		(426)	
		19,775		17,495
Cuspóirí caipitiúla				
Foras na Mara - Vóta 30, Fotheideal A.7	1,890		2,100	
Vóta 30 an Chláir Thaighde Mhuirí, Fotheideal A.7 (Nóta 12)	8,110		6,400	
		10,000		8,500
		29,775		25,995

Ó 2014 i leith, cuireadh ioncam an EMFF i gcuntas ar bhonn fabhráithe mar gheall go gcistítear an caiteachas díreach gaolmhar sa bhliain i ndiaidh go dtarlaíonn sé. Trí chomhaontú a dhéanamh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, aisioctar ranniocaíochtaí pinsin fostaithe go díreach leis an Roinn agus taispeántar iad mar laghdú ar leibhéil deontais. Tarchuirtear ranniocaíochtaí pinsin na scéime singil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Deontais Eile Stáit

	2016	2016	2015	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige – an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Vóta 29, Fotheideal D.7	1,751		1,176	
Baoi Sonraí – an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Vóta 31, Fotheideal C.3	413		413	
Creat-Treoir na Straitéise Mara (an RCPRÁ)	260		508	
Natura – an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Vóta 30, Fotheideal C.7	370		315	
An Chreat-Treoir Uisce cistithe ag an GCC	1,261		964	
Tionscadail FIRM cistithe ag Vóta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.	154			
Suíomhanna Tástála Tonnfhuinimh atá Cistithe ag an SEAI	1,120		1,240	
Tionscadal Cáblaí Chuan na Gaillimhe – atá Cistithe ag an HEA	0		1,316	
IOMLÁN		5,329		5,932

4. Ioncam an AE agus Eile

	2016	2016	2015	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000
Taighde faoi Chonradh an AE		1,414		1,928
Ioncam eile				
Cairtíhostú Ártach Taighde	1,803		2,239	
Aisíocaíocht Árachais	316		0	
Ioncam Éagsúil agus Conartha Eile	986		937	
		3,105		3,176
IOMLÁN		4,519		5,104

5. Pánna agus Tuarastail

	2016	2015
	€'000	€'000
An Chroífhóireann	7,698	7,556
An Foireann Chonartha agus Costais Phárolla Eile	4,027	3,165
	11,725	10,721

Seo a leanas meánlíon na bhfostaithe de réir láithreach:

	2016	2015
	Líon	Líon
Rinn Mhil, Gaillimh	170	148
Baile Uí Fhiacháin	14	16
Ardán Wilton, Baile Átha Cliath	12	14
Poirt	8	6
	204	184

Miondealú ar Phánna agus Tuarastail

	2016	2015
	Líon	Líon
€60,000 - €69,999	43	33
€70,000 - €79,999	17	15
€80,000 - €89,999	2	2
€90,000 - €99,999	5	5
€100,000 - €109,999	1	1
€110,000 - €119,999	0	0
€120,000 - €129,999	0	0
€130,000 - €139,999	1	1

Áirítear leis na costais iomlána tuarastail €0.265m (2015: €0.196m) maidir le teidlíochtaí carnacha saoire bliantúla foirne. Rinneadh asbhaintí €0.453m a bhain le pinsin ó tuarastail agus tarchuireadh iad chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Cloígh an Foras leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Ba é an luach saothair iomlán a íodadh le Príomhfheidhmeannach Fhoras na Mara don bhliain 2016 €136,496 (2015: €136,496). Níor íodadh aon sochair eile mar chuid d'íocaíochtaí an phacáiste luach saothair leis an bPríomhfheidhmeannach. Níl an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal aon rud lasmuigh de shamhail scéim na hearnála poiblí ó thaobh pinsin de a fháil. B'ionann na costais iomlána chun críche gnó a íodadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le haghaidh 2016 agus €15,708 (2015 €25,063), lena n-áirítear costais taistil €3,215. Ba é an cúiteamh iomlán a íodadh leis an bpríomhbhainistíocht in 2016 €477,347 (2015: 553,996) móide costais €65,633 (2015: €61,525).

Comhaltaí an Bhoird

Cuimsítear sonraí faoi Bhallraíocht an Bhoird laistigh den mhír Comhaltaí Boird den Tuarascáil Bhliantúil. Soláthraítear sna táblaí a leanas faisnéis a bhaineann leis na táillí agus na costais a íocadh le Comhaltaí Boird mar aon le sonraí faoi freastal ar cruinnithe maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Comhalta Boird	Catagóir 3	Olltáillí 2016 €	Costais 2016 €	Iomlán 2016 €	Cruinnithe Infheidhme Boird in 2016*	Cruinnithe an Bhoird ar ar Freastaláíodh in 2016	Téarma arna Thosú nó arna Chríochnú
John Killeen	Cathaoirleach	11,970	-	11,970	10	10	
Lorcán Ó Cinnéide	Comhalta Boird	8,315	6,083	14,398	10	9	Téarma arna Thosú 02/12/2015
Owen Lewis	Comhalta Boird	8,315	1,643	9,958	10	9	Téarma arna Thosú 02/12/2015
David Owens	Comhalta Boird	7,695	1,477	9,172	10	8	
Patricia Barker	Comhalta Boird	7,695	2,206	9,901	10	10	
Donal Kelly	Comhalta Boird	7,695	0	7,695	10	6	
Berna Grist	Comhalta Boird	8,315	2,601	10,916	10	9	Téarma arna Thosú 02/12/2015
Dermot Clohessy	Comhalta Boird	8,315	2,172	10,487	10	10	Téarma arna Thosú 02/12/2015
Alan Dobson	Comhalta Boird	0	3,631	3,631	10	8	
		68,315	19,813	88,128			

*Seo an líon cruinnithe Boird a bhí ar siúl i rith théarma ceapacháin chomhalta. Tá Alan Dobson fostaithe ag UCC agus ní fhaigheann sé táille boird ar bith.

Sa Choiste Iniúcháireachta 2016, bhí an tOllamh Patricia Barker (Cathaoirleach), David Owens, Dermot Clohessy agus Donal Kelly.

6. Costais Oibríochta Árthaigh

	2016 €'000	2015 €'000
Costais Phárolla agus Ghaolmhara	4,173	3,925
Breosla	843	946
Árachas	236	232
Bia agus Stór a Sholáthar	179	164
Táille Bhainistíochta	232	232
Táillí agus Sábháilteacht Phoirt	89	121
Léasanna	133	133
Costais Innealtóireachta agus Chothabhála	863	785
Costais Oibríocháin agus Riaracháin	808	727
	7,556	7,265

Ní áirítear le costais oibríochta árthaí an costas a bhíonn ar threalamh agus aiseifeistiú árthaigh a dhéantar a chaipitlú i gcomhréir le Nóta 14. Tá na háirte faoi úinéireacht Fhoras na Mara agus déantar oibríochtaí na n-árthaí a fhochonrú do chuideachta bhainistíochta árthaí.

7. Costais Taistil

	2016	2015
	€'000	€'000
Taisteal agus Cothabháil		
Dramhail tí	670	626
lasachta	445	442
	1,115	1,068

8. Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtraí

	2016	2015
	€'000	€'000
Deontais agus costais tacaíochta an Chláir Thaighde Mhuiri (Nóta 13)	3,828	3,366
Oiliúint agus Oideachas Mairnéalach	184	212
Conraitheoiri agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	3,830	3,375
Anailís Shamplach	615	431
Maoiniú Taighde eile	918	730
	9,375	8,114

9. Costais Saoráidí

	2016	2015
	€'000	€'000
Cothabháil	855	855
Solas agus Teas	450	493
Athsholáthairtí	468	349
Eile	237	195
	2,010	1,892

10. Costais Riaracháin Eile

	2016	2015
	€'000	€'000
Cíos, Rátaí agus Costais Mhaoine Eile	237	325
Suibhscribhinní Irisleabhair, Ballraíochtaí agus Costais Leabharlainne	138	139
Oiliúint	181	151
Páipéarachas agus Tomhaltáin	127	110
Foilseacháin agus Ábhair um Chur chun Cinn	436	152
Árachas	123	200
Táille iniúchóireachta	17	17
Trealamh agus Árthaí a Fhrúiliú	764	628
Trealamh Éagsúil	136	503
Costais Riaracháin Eile	465	261
	2,624	2,486

Tá feidhm ag forálacha Rialacháin Phobail na hEorpa 2012 (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012) maidir le Foras na Mara. Íocadh €3,238 in ús agus aisíocaíochtaí le linn 2016 (€2,849 2015).

11. Cánachas

Tá Foras na Mara díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32 agus Sceideal 2 den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir, níor cuireadh aon mhúirear cánachais san áireamh sna ráitis airgeadais.

12. Clár Beaufort agus an Clár Taighde Mhuirí 2014-2020 (NDP 2007-2013)

	2016	2015
	€'000	€'000
Ioncam ón Oireachtas (Nóta 2)	10,000	10,000
Ioncam eile	61	56
Ioncam Iomlán ó Thaighde Muirí	10,061	8,556
Caiteachas ar thionscadail an Chláir Taighde Mhuirí		
Íocaíochtaí Ártach Taighde	2,997	2,998
Deontais an Chláir Taighde Mhuirí (Nóta 8)	3,828	3,366
Íocaíochtaí Tacaíochta Beartais Thaighde Mhuirí	1,346	92
Caipitiúil, TF agus Trealamh Aigéaneolaíochta Fhoras na Mara,	1,690	1,400
Trealamh ártach agus athchóirithe Fhoras na Mara	200	700
Caiteachas Iomlán ar Thaighde Muirí	10,061	8,556

Bhí an infheistíocht i dtaighde muirí faoi Fho-Chlár Taighde Mhuirí an NDP 2007-2013 dírithe ar (i) cuspóirí a bhaint amach, (ii) gníomhaíochtaí taighde agus (iii) aschur Chasadh na Taoide ('Sea Change'), an straitéis náisiúnta eolais, taighde agus nuálaíochta muirí agus *Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn (Iúil 2012)*. Díriodh cistiú ar Bhearta agus ar Chláir Taighde na straitéise trí réimse meicníochta, ina measc gairmeacha iomaíochta le haghaidh tograí taighde (e.g. bronntaí tionscadalbhunaithe, staidéar deisce, Comhaltachtaí PhD/Iar-Dhochtúireachta, rochtain ar árthaí taighde) agus tairiscintí a chur isteach chun bonneagar/seirbhísí a sholáthar.

Tacaíodh le 142 tionscadal san iomlán faoi Fho-Chlár Taighde Mhuirí an NDP 2007-2013 agus bhí 27 ceann de na tionscadail seo fós ar bun ag tús 2016. Críochar na tionscadail seo ar fad in 2016, seachas tionscadal amháin ar cuireadh síneadh leis go dtí Lúnasa 2017.

An Clár Taighde Mhuirí 2014-2020

In 2014, sheol Foras na Mara Clár Chomhaltacht Cullen, ar gairm le haghaidh clár bliantúil é chun deiseanna oiliúna taighde iarchéime a sholáthar do mhic léinn in eolaíocht muirí agus i ndisciplíní gaolmhara. Leanadh le hinfheistíocht a dhéanamh sa chlár seo in 2015 agus 2016, agus tá tús curtha anois le 18 gComhaltáí Cullen.

Chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna de chuid 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéan' (Harnessing Our Ocean Wealth), agus chun a oiread úsáide agus is féidir a bhaint as saoráidí náisiúnta taighde agus bonneagair, foilsíodh cúig ghlaor ar thaighde in 2016 a raibh infheistíocht nua díreach faoi €5 milliún mar thoradh air. Maoineoidh an infheistíocht seo 14 tionscadal taighde in eacnamaíocht mhara, bithéagsúlacht mhara, lascaigh, teicneolaíocht mhara agus athrú aeráide sa timpeallacht mhara. Tacóidh na tionscadail seo le thart ar 25 post do thaighdeoirí thar cheithre bliana.

Tacaíodh le 131 tionscadal san iomlán faoi Fho-Chlár Taighde Mhuirí an NDP 2014-2020 agus bhí 70 ceann de na tionscadail seo fós ar bun ag deireadh 2016.

Bíonn Tionscadail Taighde a bhronntar faoi réir conartha a shonraíonn go ndéanfar íocaíocht tosaigh tar éis an conradh a shíniú; d'fhéadfai íocaíocht(ai) eatramhacha a dhéanamh faoi réir feidhmíocht shásúil agus déanfar an íocaíocht dheireanach tar éis éilimh a fháil agus a fhíorú. Gearrtar caiteachas sna ráitis airgeadais de réir bheartas cuntasaiochta an Chláir Taighde Mhuirí. An 31 Nollaig 2016, bhí íocaíochtaí €526,180 (2015: €191,000) fós le hioc i dtaobh suimeanna a gearradh ar na ráitis airgeadais agus áirítear iad laistigh de na suimeanna inioctha.

B'ionann an caiteachas iomlán faoi Chláir Taighde Mhuirí idir 2007 agus 2016 agus €79.5 milliún. B'fhiú €11.2m na ceangaltas amhail an 31 Nollaig 2016, nár gearradh iad ar na ráitis airgeadais go fóill, agus déantar an anailís a leanas orthu:

Gealltanais amhail an 1 Eanáir 2016
 Geallta in 2016
 Íochta in 2016
Gealltanais amhail an 31 Nollaig 2016

lomlán
 €'000
 7,246
 12,094
(8,110)
11,230

13. Chuntas Caipitil

	2016 €'000	2016 €'000	2015 €'000	2015 €'000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		20,712		Suimeanna Iníochta
<i>Aistriú (ó)/chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais</i>				
loncam a leithdháileadh le haghaidh Cistiú Caipitil	2,938		3,709	
Muirear dímhéasa don bhliain	(4,820)		(4,702)	
Glan-Aistriú (ó)/chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais		(1,882)		(993)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		18,830		20,712

14. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Árthai Taighde €'000	Trealamh Arthaigh €'000	Daingneáin agus Feistis €'000	Riomhairí €'000	Mótarfheithicli €'000	IOMLÁN €'000
Costas nó Lucháil							
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2016	3,743	33,348	6,468	26,316	9,263	341	79,479
Breiseanna	-	255	708	1,211	666	98	2,938
Diúscairtí	-	-	-	(30)	-	(34)	(64)
Costas amhail an 31 Nollaig 2016	3,743	33,603	7,176	27,497	9,929	405	82,353
Dímheas							
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2016	1,151	20,200	5,177	23,145	8,808	286	58,767
Muirear don bhliain airgeadais	75	1,626	767	1,806	510	36	4,820
Diúscairt	-	-	-	(30)	-	(34)	(64)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2016	1,226	21,826	5,944	24,921	9,318	288	63,523
Glanluach Leabhar							
amhail an 31 Nollaig 2016	2,517	11,777	1,232	2,576	611	117	18,830
An 31 Nollaig 2015	2,592	13,148	1,291	3,171	455	55	20,712

Tá ceanncheathrú Fhoras na Mara lonnaithe ag Rinn Mhíl, Órán Mór, Contae na Gaillimhe. Soláthraítear an foirgneamh seo, atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí (an OPW), saor in aisce. Thug lontaobhas Guinness an tsaoráid i mBaile Uí Fhiacháin mar bhronntanas don Fhoras. Tá na háitribh éagsúla eile a úsáideann an Foras i mBaile Átha Cliath agus ag na calafoirt faoi léasanna oibriúcháin nó comhaontuithe cíosa, faoi mar a leagtar amach i Nóta 18.

15. Infháltais

	2016	2015
	€'000	€'000
Infháltais Trádála	74	392
Ioncam Conartha	191	128
Ioncam Fabhráithe ón EMFF (Nóta 2)	4,285	3,150
Réamhíocaíochtaí	579	781
	5,129	4,451

Bionn gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear infháltais trádála glan ar lagú maidir le fiachais amhrasta.

16. Suimeanna Iníoctha

	2016	2015
	€'000	€'000
<i>Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin</i>		
Infháltais Trádála	1,783	1,242
Ioncam Iarchurtha	841	1,211
Fabhrú an Chláir Thaighde Mhuiri (Nóta 12)	526	191
Fabhrúithe	218	134
Fabhrú Párolla agus Ioncaim	345	43
Fabhrú Pá Saoire (Nóta 5)	265	196
	3,978	3,017

Áirítear le hinfháltais thuas na suimeanna a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim:

	2016	2015
	€'000	€'000
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	124	50
ÍMAT/ÁSPC/MSU	341	43
CBL	118	49
Cáin Chonartha Iomchuí	0	5
	583	147

17. An Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Sochair Scoir Ranníocach do Chéilí agus Leanaí

a. Cur síos ginearálta na scéime

Is gníomhaireacht reachtúil de chuid an Stáit é Foras na Mara, a bunaíodh faoi alt 3(1) den Acht um Fhoras na Mara, 1991 (Uimh. 2 de 1991). Foráiltear le halt 9(1) den Acht go ndéanfaidh an Foras scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne agus i ndáil le baill foirne, faoi réir cheadú an Aire. Tá dhá scéim fhormhéasta, is iad sin an Scéim Aoisliúntais d'Fhoireann Fhoras na Mara 1998 agus Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí Fhoras na Mara 1998, i bhfeidhm ag an bhForas i láthair na huair. Cuireadh sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) do chomhaltaí foirne agus sochair aisce bháis maidir le bás le linn seirbhíse ar fáil san iar-scéim. Faoin dara scéim, cuirtear sochair phinsin ar fáil do chéilí marthanacha agus do leanaí cleithiúnacha na gcomhaltaí a fuair bás. Is i an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain comhalta. Scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe iad an dá scéim. Íoctar ranníocaíochtaí Aoisliúntais Foirne leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ar mhaithe le tuairiscíú a dhéanamh i gcomhlíonadh FRS102, chuir achtúire cáilithe comhairle ar an bhForas a d'ullmhaigh luacháil iomlán chun dliteanas na scéimeanna aoisliúntais a mheas amhail an 31 Nollaig 2016.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha sa bhliain:

	2016	2015	2014
Méadú ar an ráta boilscithe	1.90%	1.65%	2%
Méadú ar an ráta tuarastail	2.90%	2.65%	4%
Méadú ar an ráta pinsin	2.40%	2.15%	4%
Ráta lascaire na ndliteanas scéime	1.96%	2.55%	5.5%

Ós rud é go bhfuil méaduithe pinsin faoi scéimeanna Fhoras na Mara bunaithe ar mhéaduithe tuarastail seachas ar mhéaduithe praghais, níl gá le toimhde bhoilscithe praghsanna chun an luacháil seo a dhéanamh. Mar sin féin, ós rud é go mbíonn tagairt do ráta toimhde boilscithe riachtanach faoi FRS 102, bheadh an ráta thuas oiriúnach ar mhaithe leis seo.

Is mar seo a leanas atá an meánionchas saoil don todhchaí a bheidh fanta de réir na dtáblaí básmhairéachta arna n-úsáid chun dliteanas phinsin a chinneadh:

	2016	2015
Fear aois 65	21.1	20.9
Bean aois 65	23.6	23.5

Ag glacadh leo seo agus le toimhdí eile agus ag cur mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a leagtar amach in FRS 102 i bhfeidhm, seo a leanas an tsócmhainn chistithe iarchurtha agus an dliteanas sochair scoir:

	2016	2015
Dlitéanas iomlán fabhráithe sochair scoir	€51.8m	€40.05m

b. Anailís ar na Costais Iomlána Phinsin a gearradh ar Chaiteachas

	2016	2015
	€'000	€'000
Costas Reatha Seirbhíse	2,299	1,772
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	1,017	1,652
Ranníocaíochtaí Fostaí	(453)	(426)
	2,863	2,998

c. Anailís ar an tsuim a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2016	2015
	€'000	€'000
Gnóthachain ó thaithí	1,251	1,694
Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha na scéime	(10,101)	(8,466)
Gnóthachan agus (cailteanas) achtúireach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	(8,850)	(6,772)

d. Glanchistíú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a Aithnítear sa bhliain

	2016	2015
	€'000	€'000
Costas Reatha Seirbhíse agus Úis	3,316	3,424
Lúide sochair a íocadh sa bhliain	(346)	(346)
	2,970	3,078

Aithníonn Foras na Mara gurb ionann méideanna atá dlite ón Stát agus sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha um pinsin ar fhoras na dtoimhdí a miníodh thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear leis na himeachtaí seo an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais agus an bheartais agus an chleachtais i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Ar chuma scéimeanna aoisliúntais na seirbhíse poiblí i gcoitinne, ní chothaítear ciste faoi leith ná ní choimeádtar sócmhainní chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú.

Ar aon dul leis an nós agus leis an gcleachtas faoi mar a nglacann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara leis go dtí seo, níl aon fhianaise ag Foras na Mara nach leanfaidh an beartas cistithe seo leis na suimeanna sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2016 agus €51.05 milliún (2015: €40.2 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na toimhdí airgeadais a leagtar amach sa Nóta seo. Cuirtear na toimhdí a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle ghairmiúil achtúire, in iúl don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ach ní chomhaontaítear iad go foirmiúil leis an Roinn.

e. Anailís ar ghluaiseacht i nglan dliteanas pinsin le linn na bliana

	2016	2015	2014	2013	2012	2011
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dlitéanas ag tús na bliana	40,050	30,200	28,200	27,501	26,004	25,900
Costas Reatha Seirbhíse	2,299	1,772	1,800	1,900	1,900	2,200
Ús ar Dhliteanais Scéime	1,017	1,652	1,500	1,500	1,400	1,400
(Gnóthachan)/Cailteanas Achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	8,850	6,772	(816)	(2339)	(1360)	(3080)
Sochair a íocadh sa bhliain	(346)	(346)	(484)	(362)	(443)	(416)
Dlitéanas ag deireadh na bliana	51,870	40,050	30,200	28,200	27,501	26,004

f. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2016	2015	2014	2013	2012
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí sochair easnaimh	51,870	40,050	30,200	28,200	27,501
Gnóthachain ó Thaithí/ar Dhliteanais na Scéime	1,251	1,694	816	2,339	1,360
Céatadán na nDlíteanas Scéime	2.4%	4.2%	2.7%	8.29%	4.96%
Gnóthachain)/Cailteanais Toimhde ar Dhliteanais Scéime	(10,101)	(8,466)	-	-	-
Céatadán na nDlíteanas Scéime	19.4%	21.1%	0%	0%	0%

Is ionann an cailteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €8,370,000.

18. Ceangaltais léasa oibriúcháin

Áitíonn Foras na Mara áitribh ar léas agus ar cíos sna láithreacha a leanas:

- **Léas 1:** Teach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2, cuireadh tús leis in 2015 ar feadh tréimhse 4 bliana agus 3 mhí agus tá sé le foirceannadh an 31Deireadh Fómhair 2019.
- **Léas 2:** Páirc Oifigí na Páirce Móire, Gaillimh, cuireadh tús leis i 1999 ar feadh tréimhse 25 bliain agus déantar cúig athbhreithniú bhliantúla ar an gcíos.
- **Léas 3:** Trádstóras Red Sail, Calafort na Gaillimhe, cuireadh tús leis in 2013 ar feadh tréimhse 11 bhliain agus déanfar athbhreithniú ar an gcíos in 2018.
- **Léas 4:** Talamh Thionsclaíochta, Calafort na Gaillimhe, cuireadh tús leis in 2014 ar feadh tréimhse 5 bliana agus cuireadh an rogha ar fáil chun síneadh a chur leis a fhad le Lúnasa 2024.
- **Léas 5:** Talamh Thionsclaíochta, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, cuireadh tús leis i 1988 ar feadh tréimhse 999 bliain, agus déantar cúig athbhreithniú bhliantúla ar an gcíos.
- **Léas 6:** Léas urthrú sa Spidéal, cuireadh tús leis in 2006 ar feadh tréimhse 10 mbliana.
- **Comhaontuithe Cíosa:** Tá roinnt comhaontuithe cíosa ag an bhForas a bhaineann le céanna, saotharlanna agus seideanna, a bhfuil gach ceann díobh in-athnuaite ar bhonn bliantúil.

Seo a leanas na hiocaíochtaí fosta léasa iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe, a mbaineann gach ceann díobh le Talamh agus Foirgnimh, mar a leanas:

Bainteach le léasanna:	2016	2015
	€'000	€'000
Iníochta laistigh de 1 bhliain	308	308
Iníochta idir 2 agus 5 bliana	900	1,055
Iníochta ina dhiaidh sin	342	495
	1,550	1,858

Ba iad na hiocaíochtaí léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas in 2016 €308,750 (2015: €363,407).

19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Bunaíodh Smartbay (Ireland) Ltd chun tionscadal Smartbay maidir leis an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) a chur i bhfeidhm chun Clár Taispeána, Taighde agus Tástála Mara a fhorbairt arb é atá ann bonneagar cumarsáide agus braite a mbaintear feidhm as i gCuan na Gaillimhe. Bunaíodh an chuideachta mar chuideachta atá faoi theorainn ráthaíochta ag comhpháirtithe tionscadail an PRTL – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i bhFeabhra 2012.

Ba Chomhalta Boird é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhorais go dtí Bealtaine 2016 agus is é Ceann Sheirbhísí Corparáideacha an Fhorais Rúnaí an Fhorais. Le linn 2016, thug an Foras cistiú €350,585 do Smartbay Ltd (2015: €330,125). Tá an caiteachas sin áirithe faoi chaiteachas taighde i Nóta 8 leis na ráitis airgeadais seo. Rinneadh iocaíocht €0 maidir le conradh chun tacaíocht oibriúcháin a sholáthar maidir le Suiomh Tástála Fuinnimh Aigéin a fhorbairt i nGaillimh agus leis an Suiomh Tástála ag Béal an Mhuirthead, anuas ar an iarmhéid a bhí le hóc le Smartbay Ltd an 31 Nollaig 2016.



20. Clár leasanna

Ghlac an Foras le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi nochtadh leasa ag comhaltaí an Bhoird agus tá an Foras tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin. Ní dhearnadh aon idirbhearta i rith na bliana ó thaobh ghníomhaíochtaí an Fhorais de ina raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí boird.

21. Imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais

Níl an Bord feasach ar aon imeachtaí a tharla i ndiaidh an 31 Nollaig 2016 a imríonn tionchar ar na ráitis airgeadais seo.

22. Faomhadh an Bhoird

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 30 Bealtaine 2017.



www.marine.ie



[www.facebook.com/
marineinstituteireland](https://www.facebook.com/marineinstituteireland)



[www.linkedin.com/
company/marine-institute](https://www.linkedin.com/company/marine-institute)



[@marineInst](https://twitter.com/marineInst)

Ceanncheathrú Foras na Mara

An Rinn Mhil,
Órán Mór,
Co na Gaillimhe.
H91 R673
Teil: +353 91 38 7200
Facs: +353 91 38 7201
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie

Oifigí agus Saotharlanna Réigiúnacha Foras na Mara

Foras na Mara Bhaile Átha Cliath
Teach Páirce Wilton,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.
D02 NT99
Teil: +353 1 7753900
Facs: +353 91 387201
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie

Áis Taighde Dobharcchantair Foras na Mara
An Fhoirnéis,
Baile Uí Fhiacháin,
Co Mhaigh Eo
F28 PF65
Teil: +353 98 42300
Facs: +353 98 42340
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie